



An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12830/22

FIN 968
GAF 18

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Meán Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 482 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA An 33ú tuarascáil bhliantúil maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus an comhrac i gcoinne na calaoise - 2021

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 482 final.

Faoi iamh: COM(2022) 482 final



An Bhruiséil, 23.9.2022
COM(2022) 482 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG
PARLAIMINT NA hEORPA**

**An 33ú tuarascáil bhliantúil maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh
agus an comhrac i gcoinne na calaoise - 2021**

{SWD(2022) 302 final} - {SWD(2022) 303 final} - {SWD(2022) 304 final} -
{SWD(2022) 305 final} - {SWD(2022) 306 final} - {SWD(2022) 307 final}

Clár Ábhar

1.	Réamhrá	6
1.1.	Príomh- choincheapa	6
1.2.	Leasanna airgeadais an Aontais in 2021	7
2.	Buaicphointí 2021	9
2.1.	Príomhghníomhartha a glacadh	9
2.2.	An dlí- eolaíocht maidir le hábhair PIF	10
3.	Struchtúr Frithchhalaoise an Aontais Eorpaigh	11
3.1.	Leibhéal na hEorpa	12
3.1.1.	Parlaimint na hEorpa	12
3.1.2.	An Chomhairle	13
3.1.3.	An Coimisiún Eorpach	13
3.1.4.	An Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF)	14
3.1.5.	Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)	15
3.1.6.	Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE)	16
3.1.7.	Eurojust	17
3.1.8.	Europol	17
3.2.	Leibhéal an Bhallstáit	18
3.2.1.	Seirbhísí Comhordúcháin Frith- Chalaoise (AFCOS)	18
3.2.2.	Straitéisí Náisiúnta Frithchhalaoise (NAFS)	18
3.2.3.	Cur chun feidhme mholtaí 2020 ag na Ballstáit	20
4.	Comhar frith- chhalaoise	21
4.1.	Comhar idirnáisiúnta	21
4.1.1.	Comhar le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus forálacha cúnaimh fhrithpháirtigh agus frith- chhalaoise i gcomhaontuithe idirnáisiúnta	21
4.1.2.	Coibhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe CoSP9 agus réitigh urraithe ag an Aontas Eorpach	22
4.1.3.	An comhrac in aghaidh na trádála aindleathaí i dtáirgí tobac	23
4.2.	Comhar idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit	23
4.2.1.	Gníomhaíochtaí an Choiste Chomhairligh um Chomhordú ar Chalaois a Chosc (COCOLAF)	23
4.2.2.	Clár frith- chhalaoise an Aontais Eorpaigh	23
4.2.3.	Comhar i réimse an ioncaim	25
4.2.3.1.	An clár custaim	25
4.2.3.2.	Clár Fiscalis	25
4.2.3.3.	Comhoibríochtaí custaim (JConna)	26
5.	príomhbhearta chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun calaois a chomhrac	28
5.1.	Trasú na Treorach PIF	28
5.2.	Frithsciúradh airgid	28
5.3.	An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta	29
5.4.	Sceithirí a chosaint	31
5.5.	Bosca uirlisí maidir leis an Smacht Reachta	31
5.5.1.	Tuarascáil maidir leis an smacht reachta - príomhthorthaí agus buaicphointí i ndáil le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint	32

5.5.2.	Dul chun cinn maidir le cur chun feidhme rialachán an Aontais maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint	32
5.6.	Beartas frithéillithe	32
6.	Torthaí na ngníomhaíochtaí rialaithe	33
6.1.	Foinsí sonraí agus modheolaíocht	33
6.2.	Ioncam	35
6.2.1.	Calaois CBL	35
6.2.2.	Acmhainní dílse traidisiúnta	35
6.3.	Caiteachas	37
6.3.1.	Bainistíocht chomhroinnte	39
6.3.2.	Bainistíocht indéireach	44
6.3.3.	Bainistíocht dhíreach	44
7.	Ionchas 2022, Conclúidí agus Moltaí	44
7.1.	Réimse frithchalaoise an Aontais Eorpaigh	45
7.2.	Trédhearcacht, bainistíocht riosca calaoise agus digitiú an chomhraic in aghaidh calaoise	46

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Thug paidéim COVID- 19 dúshláin nua dár fhreagair an tAontas go pras, ar bhealach solúbtha agus trí ionstraimí agus acmhainní nua a imscaradh. Le tabhairt isteach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus le cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá méadú suntasach tagtha ar ról na n-údarás náisiúnta maidir le leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú do leasanna airgeadais an Aontais. Thacaigh an Coimisiún le húdarás náisiúnta le linn dó measúnú a dhéanamh ar na pleananna náisiúnta, agus aird ar leith á tabhairt aige ar dheardh na mbeart chun acmhainní RRF a chosaint ar chalaouis, éilliú, coinbheacht leasa agus maoiniú dúbailte.

Nearthaigh an tAontas agus gníomhaithe náisiúnta frithchalaouis ar a gcomhar ar fud 2021, i ndáil leis an gcosaint d'ioncam agus do chaiteachas an Aontais araon. Cuireadh tús le hoibríochtaí Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) an 1 Meitheamh 2021. Léiríonn torthaí oibríúcháin na hOifige Eorpaí Frith- Chalaouis (OLAF) agus OIPE an luach breise a chuireann comhlachtaí an Aontais le cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus leis an gcomhrac in aghaidh na calaouis, ag sárú na dtéorainneacha atá le córais náisiúnta dul i ngleic leis an gcoireacht trasteorann go háirithe.

Rinne an tAontas glacadh chlár chaiteachais 2021- 2027 a thabhairt i gcrích in 2021. Áirithítear leis an reachtaíocht go mbeidh an Coimisiún, OLAF, Cúirt Iniúcháirí na hEorpa agus OIPE in ann a sainordú a fheidmiú agus go gcuirfidh údarás náisiúnta bearta éifeachtacha frithchalaouis i bhfeidhm chun aon riosca a shainaithnítear a chur san áireamh. I measc na gclár sin, tugann Clár Frithchalaouis an Aontais Eorpaigh tacaíocht don chomhrac in aghaidh na calaouis trí dheontais a sholáthar le haghaidh tionscnaimh shonracha agus trína chumasú go mbeidh maoiniú ann le haghaidh ardáin agus uirlisí tiomanta teicneolaíochta faisnéise (TF) chun an malartú faisnéise idir na Ballstáit agus an tAontas a éascú.

An líon cásanna calaouis agus neamhrialtachtaí a thuairiscigh údarás inniúla an Aontais agus údarás inniúla náisiúnta, d'fhan sé cobhsaí in 2021 i gcomparáid le 2020, ach tháinig méadú ar na méideanna gaolmhara neamhrialtachta i ngeall ar bhraith shuntasacha i líon teoranta Ballstát. An líon neamhrialtachtaí neamhchalaouisacha a tuairiscíodh i réimsí áirithe caiteachais, tá sé íseal i gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe seo. D'fhéadfadh sé gurb é an rud is cúis, go páirteach, leis an titim sin moilleanna i gcur chun feidhme chlár oibríúcháin, athruithe ar chleachtas tuairiscithe agus úsáid roghanna costas simplithe, mar shampla.

Le cois rioscaí athfhillteacha, beidh an brú ar riaracháin náisiúnta sna blianta amach romhainn níos mó mar gheall ar chur chun feidhme RRF, óir beidh orthu pleananna RRF agus clár chaiteachais 2021- 2027 a chur chun feidhme an tráth céanna. Chuige sin, beidh orthu a thaispeáint go bhfuil saineolas agus rialú acu ar mhodhanna bainistíochta éagsúla a bhaineann le cur chun feidhme na gcistí éagsúla.

Féachann an tAontas le comhleanúnachas agus comhchuibheas méadaithe a shaothrú agus deireadh a chur le bealaí éalaithe féideartha san ollstruchtúr rialaithe a bhféadfadh calaouisoirí leas a bhaint astu. Leagadh síos na treoirphrionsabail i reachtaíocht an Aontais cheana, ach is féidir iad a threisiú a thuilleadh. Ba cheart do Bhallstáit na fadhbanna sainaitheanta a bhaineann le trasú Threoir PIF a cheartú agus feabhsú na trédhearcaichta, digitiú an chomhraic in aghaidh na calaouis agus neartú agus forbairt leanúnach ar mheasúnú agus bainistiú riosca calaouis a shaothrú. Tá curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún togra maidir le leasú ar an Rialachán Airgeadais arb é is cuspóir dó gníomhaíocht an Aontais sna réimsí sin a neartú.

LIOSTA GIORRÚCHÁN

AFIS	Córas Faisnéise Frithchhalaoise
AFCOS	Seirbhís Comhordúcháin Frith- Chalaoise
CAFS	Straitéis Frithchhalaoise an Choimisiúin
CoSP	Comhdháil na bPáirtithe Stáit
Ard- Stiúrthóireach t	Ard-Stiúrthóireacht
CIE	Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
EDES	An Córas Luathbraite agus Eisiaimh
PE	Parlaimint na hEorpa
EPF	An tSaoráid Eorpach Síochána
EPPO	Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh
Cistí SIE	Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa
AE	An tAontas Eorpach Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh chuig an Moldóiv agus an Úcráin
EUBAM	
FCTC	Creat- Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac
FDR	Ráta an Bhraite Calaoise
HFC	Hidreafluaracarbóin (gáis chuisneáin):
IDR	Ráta an Bhraite Neamhrialtachta
IMS	An Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí
JIT	Foireann Chomhpháirteach Imscrúdaithe
CAI	Creat Airgeadais Ilbhliantúil
NGEU	NextGenerationEU
OFIS	Córas Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí
OLAF	An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise
PIF	Leasanna airgeadais a chosaint
RRF	An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta
Scorpaenidae	Roghanna Costas Simplithe
CFAE	An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
ADT	Acmhainní dílse traidisiúnta
UNCAC	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe
CBL	Cáin Bhreisluaicha
VOCU	Aonad Comhordúcháin Oibríochtaí Fíorúla
WCO	An Eagraíocht Dhomhanda Chustaim

1. RÉAMHRÁ

Tá freagracht i bpáirt ag an Aontas agus a Bhallstáit as leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus calaois a chomhrac. Déanann údarás Bhallstáit an Aontais bainistíocht ar an sciar is mó de chaiteachas an Aontais agus bailíonn siad acmhainní dílse traidisiúnta (ADT). Déanann an Coimisiún formhaoirseacht ar an dá réimse sin, leagann sé síos caighdeáin agus déanann seiceáil ar chomhlíontacht. I gcomhréir le hAirteagal 325(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá oibleagáid ar an gCoimisiún, i gcomhar le Ballstáit an Aontais, tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le bearta arna nglacadh chun calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac (Tuarascáil PIF¹). Comhlíonann an tuarascáil seo agus na doiciméid a ghabhann léi an oibleagáid sin le haghaidh 2021.

Cuirtear na nithe a leanas i láthair i dTuarascáil PIF 2021:

- (1) forbheathnú ar leasanna airgeadais an Aontais, ar na príomhghníomhartha dlí a glacadh chun iad a chosaint agus ar dhlí- eolaíocht ábhartha na Cúirte Breithiúnais;
- (2) na forbairtí frithchalaíoch is suntasaí san Aontas ina iomláine agus sna Ballstáit;
- (3) comhar frithchalaíoch;
- (4) príomhréimsí le haghaidh na cosanta comhsheasmhaí comhchuibhithe do leasanna airgeadais an Aontais;
- (5) staidreamh agus sonraí maidir le calaois agus neamhrialtachtaí a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais agus anailís orthu;
- (6) ionchas le haghaidh 2022, conclúidí agus moltaí

1.1. Príomh- choincheapa

Déantar achoimre i *mBosca 1* ar na téarmaí is tábhachtaí a úsáidtear sa Tuarascáil PIF seo.

Bosca 1: Sainmhínte is infheidhme

Chun tuairisc iomlán ar **leasanna airgeadais an Aontais** a fháil, féach **Roinn 1.2**.

Ciallaíonn **neamhrialtacht** aon sárú ar dhlí an Aontais, nó ar dhlí náisiúnta a bhaineann lena chur chun feidhme, a leanann as gníomh nó neamhghníomh oibreora eacnamaíoch, arb í an éifeacht atá aige, nó a bheadh aige, dochar a dhéanamh do bhuiséad an Aontais trí ioncam a fhabhraíonn

¹ Leis an tuarascáil seo, dá ngairtear freisin Tuarascáil PIF, acrainm a thagann ón leagan Fraincise *Protection des Intérêts Financiers*, gabhann sé dhoiciméad inmheánacha oibre de chuid an Choimisiúin lena mbaineann na nithe seo a leanas:

- a) meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh maidir le hacmhainní dílse, acmhainní nádúrtha, beartas comhtháthaithe agus cúnamh réamhaontachais, agus caiteachas díreach in 2020;
- b) bearta a ghlac Ballstáit chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint in 2021;
- c) bearta leantacha maidir le moltaí i dtaobh thuarascáil an Choimisiúin i dtaca le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint – an comhrac in aghaidh na calaoise 2020;
- d) Cur chun feidhme Chlár Frithchalaíoch an Aontais Eorpaigh – 2021;
- e) An Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) — An painéal dá dtagraítear in Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais;
- f) Plean Gníomhaíochta CAFS - A staid faoin Meitheamh 2022.

as acmhainní dílse arna mbailiú go díreach ar son an Aontais a laghdú nó a chailleadh nó trí mhír chaiteachais nach bhfuil údar léi a mhuirearú ar bhuiséad an Aontais².

I ndiaidh ghlacadh Threoir (AE) 2017/1371 (“Treoir PIF”), is **calaois** atá in aon ghníomh nó neamhghníomh a dhéantar d’aon ghnó a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, lena n-áirítear ráitis nó doiciméid bhréagacha, mhíchearta nó neamhiomlána a úsáid nó a chur i láthair nó mainneachtain faisnéis a nochtadh d’ainneoin oibleagáid shonrach a bheith ann amhlaidh a dhéanamh, nó cistí nó sochair a mhíleithreasú. Le Treoir PIF, déantar idirdhealú freisin idir calaois sna nithe a leanas:

- (1) caiteachas nach mbaineann le soláthar;
- (2) caiteachas a bhaineann le soláthar;
- (3) ioncam seachas ioncam a eascraíonn as acmhainní dílse CBL;
- (4) ioncam a eascraíonn as acmhainní dílse CBL.

Le rialacháin earnálacha maidir le neamhrialtachtaí sa bhainistíocht chomhroinnte a thuairisciú, tugtar isteach coincheap na **calaoise amhrasta**, a shainmhínítear mar “neamhrialtacht a dtionscnaítear imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha ar an leibhéal náisiúnta dá droim chun a shuíomh an bhfuil iompraíocht d’aon ghnó ann, go háirithe calaois”³.

Meastar gur **calaois shuite** í calaois a luaithe a bheidh cinneadh (breithiúnach nó riaracháin) déanta ag comhlacht inniúil lena suitear go bhfuil iompraíocht d’aon ghnó ann.

Mínítear le **Bosca 2** conas a úsáidtear coincheapa na **calaoise amhrasta** agus na **calaoise suite** i ndáil leis an staidreamh arna fhoilsiú sa tuarascáil seo.

Tagraíonn **éilliú** d’aon mhí-úsáid cumhachta ag oifigeach poiblí chun gnóthachan príobháideach a fháil, arb í an éifeacht atá aige sin go ndéantar dochar do leasanna airgeadais an Aontais.

1.2. Leasanna airgeadais an Aontais in 2021

Áirítear le leasanna airgeadais an Aontais ioncaim, caiteachais agus sócmhainní a chumhdaítear le buiséad an Aontais agus iad siúd a chumhdaítear le buiséid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais agus leis na buiséid a ndéanann siad bainistíocht agus faireachán orthu⁴.

Ar thaobh ioncaim an bhuiséid, tá acmhainní dílse traidisiúnta (ADT)⁵, cáin bhreisluacha, acmhainní dílse plaisteacha agus sciar d’ollioncam náisiúnta Bhallstáit an Aontais.

Léirítear le **Fíor 1** na hacmhainní atá ar fáil don Aontas in 2021.


² Airteagal 1.2 de Rialachán (CE, EURATOM) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995, Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach 23.12.1995 L312, agus Airteagal 2(35) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013, IO 20.12.2013, L347.

³ Féach mar shampla Airteagal 2(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1970 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2015, IO L293, 10.11.2015.

⁴ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017, Airteagal 2.1(a), IO 28.07.2017 L198, lch. 29.


⁵ Is éard atá in ADT go príomha dleachtanna custaim tar éis an ráta coinneála 25 % a asbhaint.

Fíor 1 – Ioncam an Aontais in 2021



Baineann an tAontas úsáid as na hacmhainní sin chun a bheartais a mhaoiniú (féach **Fíor 2**).

Fíor 2 – Caiteachais an Aontais in 2021



Cé go gcuirtear chun feidhme ar bhonn bliantúil é⁶, tá an buiséad ina chuid de bhuiséad fadtéarmach an Aontais, is é sin an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), lena soláthraítear na teorainneacha caiteachais go ceann 7 mbliana.

2. BUAICPHOINTÍ 2021

Déantar achoimre sa roinn seo ar na príomhghníomhartha a glacadh agus ar chás- dlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le hábhair PIF in 2021.

2.1. Príomhghníomhartha a glacadh

Léirítear le **Tábla 1** na príomhghníomhartha reachtacha a glacadh in 2021. Glacadh réimse leathan rialachán le linn na bliana sin a bhaineann le cláir chaiteachais 2021- 2027. Iondu sin tá forálacha sonracha lena n- athdhearbhaítear inniúlacht na hOifige Eorpaí Frith- Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus lena gceanglaítear ar thríú tíortha atá rannpháirteach sna cláir na cearta is gá agus an rochtain a cheanglaítear a dheonú don Choimisiún, do OLAF agus do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) chun go bhfeidhmeoidh siad go cuimsitheach a n- inniúlachtaí faoi seach.

Níor cuireadh tagairt do na rialacháin sin isteach sa tábla.

Tábla 1 – Príomhghníomhartha a glacadh

Teideal	Tuairisc ar conas a chosnaítear leasanna airgeadais an Aontais leis an ngníomh
Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta⁷	“Rialachán RRF”. Tá forálacha in Airteagal 22 maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ⁸ .
Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosai⁹	<p>Athdhearbhaítear le hAithris 71 inniúlacht OLAF agus OIPE leasanna airgeadais an Aontais a chosaint le haghaidh na gclár gaolmhar.</p> <p>Le hAirteagal 69, ceanglaítear ar Bhallstáit dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais a áirithiú agus bearta a dhéanamh chun neamhrialtachtaí, lena n- áirítear calaois, a chosc, a bhrath, a cheartú agus a thuairisciú. Áirithítear leis freisin go mbeidh ag an gCoimisiún, OLAF agus CIE an rochtain is gá ar fhaisnéis a bhaineann le húnéirí tairbhiúla fhaighteoirí chistí an Aontais.</p> <p>Faoi Airteagal 74, iarrtar ar údaráis bhainistíochta bearta agus nós imeachta frithchalaoise a bheith i bhfeidhm atá éifeachtach comhréireach, ina gcuirtear</p>

⁶ Chun an nós imeachta bliantúil maidir le glacadh bhuiséad an Aontais a fháil, féach https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/about_the_european_commission/eu_budget/budgetary-procedure.pdf

⁷ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

⁸ Tá tuilleadh faisnéise i Roinn 5.2 maidir lena chur chun feidhme.

⁹ IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.

	<p>san áireamh na rioscaí a shaináithnítear.</p> <p>Le hIarscríbhinn XII, leagtar síos rialacha mionsonraithe agus an teimpléad le haghaidh neamhrialtachtaí a thuairisciú.</p>
<p>Rialachán (AE) 2021/785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Frith-Chalaoise an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 250/2014¹⁰</p>	<p>Le Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh, a tháinig i gcomharbacht ar chlár HERCULE III, maoinítear gníomhaíochtaí chun calaois agus aon gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac¹¹.</p>

2.2. An dlí- eolaíocht maidir le hábhair PIF

Áiríthíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go ndéantar dlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus chun feidhme go haonfhoirmeach. Rinne an Chúirt trí chinneadh in 2021 maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

Uimhir an cháis agus tuairisc air

C-130/19¹², An Chúirt Iniúchóirí v. Pinxten.

Sa chás sin, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go ndearna iarchomhalta CIE na hoibleagáidí a ghabhann lena oifig mar chomhalta CIE a shárú trí roinnt gníomhartha a dhéanamh, lena n-áirítear acmhainní CIE a úsáid go míchuí chun gníomhaíochtaí nach raibh baint acu lena chuid dualgas a mhaoiniú agus cárta breosla a sholáthair an Chúirt a úsáid chun breosla a cheannach le haghaidh feithiclí ar le trío páirtithe iad. Bhain an Chúirt den iarchomhalta dhá thrian dá chearta pinsin. Ina breithiúnas, chuir an Chúirt Bhreithiúnais i dtábhacht go bhfuil sé tábhachtach go gcomhlíonann comhaltaí CIE na caighdeáin iompair is airde agus go n-áiríthíonn siad go mbíonn tosaíocht i gcónaí ag leas ginearálta an Aontais, ní hamháin ar leasanna náisiúnta ach ar leasanna pearsanta freisin. I ndáil leis sin, tháinig an Chúirt Bhreithiúnais ar an gconclúid, fiú agus nach mór do dhaoine a bhfuil poist thábhachtacha acu in institiúidí agus comhlachtaí an Aontais na caighdeáin iompair is airde a chomhlíonadh, go raibh na neamhrialtachtaí a rinne an t-iarchomhalta níos tromchúisí fós mar gheall ar fheidhm shonrach na Cúirte Iniúchóirí – rialtacht chaiteachas an Aontais agus fóntacht na bainistíochta airgeadais a sheiceáil.

C-360/20¹³, Ministerul Lucrărilor Publice, Dezvoltării și Administrației.

Sa bhreithiúnas sin, bhreithnigh an Chúirt nach é an t-aon rud amháin a áirítear le coincheap na “calaoise a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais” é cistí a fháil go neamhdhleathach ó bhuiséad an Aontais, de réir bhrí Airteagal 1(1)(a) de Choinbhinsiún PIF¹⁴, ach go n-áirítear leis freisin na cistí sin a choinneáil go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh sé gur cineál calaoise freisin é mainneachtain oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh i ndiaidh na cistí sin a fháil. Dá thoradh sin, cumhdaítear le calaois, de réir bhrí Airteagal 1(1)(a) de Choinbhinsiún PIF, úsáid a bheith á baint d’aon ghnó as ráitis bhréagacha nó mhíchearta a dhéantar i ndiaidh do thionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas a bheith curtha chun feidhme d’fhonn an chuma bhréagach a chruthú gur comhlíonadh na hoibleagáidí faoin gcomhaontú maoiniúcháin le linn thréimhse inbhuanaitheachta an tionscadail, chun na críche cistí a choinneáil siar go neamhdhleathach ó bhuiséad an Aontais.

¹⁰ IO L 172, 17.5.2021, lgh. 110–122.

¹¹ Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Roinn 4.2.2.

¹² Breithiúnas an 30 Meán Fómhair 2021, AE:C:2021:782

¹³ Breithiúnas an 14 Deireadh Fómhair 2021, AE:C:2021:856

¹⁴ Coinbhinsiún arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO C 316, 27.11.1995, lgh. 49- 57

Chuir an Chúirt Bhreithiúnais tuilleadh leis á rá go bhfuil reachtaíocht náisiúnta, ar dá réir nach féidir duine a ionchúiseamh as na ráitis sin ach amháin má rinneadh le linn chur chun feidhme an tionscadail iad, neamh- chomhoiriúnach le hAirteagal 325 CFAE. Chun urraim a thabhairt do chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann, áfach, ní bheidh oibleagáid ar chúirteanna náisiúnta reachtaíocht náisiúnta den sórt sin a léirmhíniú amháil agus go bhfuil sí infheidhme maidir le ráitis a dhéantar i ndiaidh chur chun feidhme an tionscadail i gcás ina mbeadh sárú ar ionchúiseamh sainordaitheach cionta coiriúla agus pionós mar thoradh air sin. I gcás ina bhféadfadh sárú a bheith ann, is faoin reachtóir náisiúnta a bheidh sé na bearta iomchuí a dhéanamh.

C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19¹⁵, Euro Box Promotion agus Páirtithe Eile.

Iarradh ar an gCúirt Bhreithiúnais rialú a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí le dlí an Aontais atá cás- dlí Chúirt Bhunreachtúil na Rómáine i dtaca leis na rialacha nós imeachta coiriúil is infheidhme maidir le himeachtaí calaoise agus éillithe. Cinntí Ard- Chúirt na Rómáine um Achomharc agus um Cheartas lenar ionchúisíodh roinnt daoine as calaois CBL, éilliú agus tionchar míchuí a imirt ar bhainistiú chistí an Aontais, chuir Cúirt Bhunreachtúil na Rómáine ar neamhní iad á rá, ó thaobh substainte, go raibh na painéil breithiúna a d'éist an cás comhdhéanta go neamhrialta. Cé acu a thagann nó nach dtagann riosca córasach saoirse ó phionós chun cinn sa chomhrac in aghaidh na calaoise agus an éillithe mar gheall ar chás- dlí na Cúirte Bunreachtúla, go háirithe de bhrí go bhféadfadh cionta gan phionós toisc go dtiocfaidh tréimhse teorann orthu, rinne cúirt níos ísle de chuid na Rómáine an cheist sin, i measc ábhair eile, a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais.

Ina breithiúnas, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, bíodh is gur ceist a bhaineann le dlínse na mBallstát é, i bprionsabal, na rialacha lena rialaítear eagrúchán an chórais bhreithiúnaigh sna Ballstáit, nach mór na rialacha sin a bheith ag teacht mar sin féin lena n- oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. Áirítear le hoibleagáidí den sórt sin an comhrac in aghaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, lena n- áirítear cionta éillithe, a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin bearta éifeachtacha díspregtha. Tá feidhm ag an gceanglas éifeachtachta maidir le himeachtaí agus pionós i leith na gcionta sin agus maidir le forfheidhmiú na bpionós arna bhforchur. Is faoin reachtas náisiúnta go príomha é a áirithiú nach mbeidh riosca córasach saoirse ó phionós ann de dheasca na rialacha nós imeachta is infheidhme maidir leis na cionta sin. Ní mór do chúirteanna náisiúnta, ar a dtaobh féin, gan forálacha intire a chur i bhfeidhm lena gcuirfí cosc ar chur i bhfeidhm pionós éifeachtach díspregtha. Sa chás den chineál, is é iarmhairt chur i bhfeidhm chás- dlí Chúirt Bhunreachtúil na Rómáine é nach mór athscrúdú a dhéanamh ar na cásanna calaoise agus éillithe lena mbaineann, roinnt uaireanta más gá, ag an gcéad chéim agus/nó ar achomharc. D'fhéadfadh sé go mbeidh tréimhse teorann orthu dá thoradh sin, agus leanfaí as sin nach ngearrfaí pionós ar bhealach éifeachtach ná díspregthach ar dhaoine a ciontaíodh i gcalaois nó éilliú agus a bhfuil na poist is airde i Stát na Rómáine acu. Thiocfadh riosca na saoirse ó phionós chun bheith córasach i gcás na catagóire sin daoine agus chaithfí amhras ar an gcuspóir éilliú ardleibhéil a chomhrac. Dá réir sin, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais go gcuirtear cosc le hAirteagal 325 CFAE agus Airteagal 2 de Choinbhinsiún PIF ar rialacha nó cleachtais náisiúnta nach dtugtar breithiúnais fúthu maidir le cásanna éillithe agus calaoise CBL i ngeall ar na painéil breithiúna a bheith comhdhéanta go neamhrialta, i gcás ina mbeidh mar thoradh air sin riosca córasach go mbeidh gníomhaíochtaí ann, arb é atá iontu calaois thromchúiseach, a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nó go mbeidh éilliú i gcoitinne ann a fhágfar gan phionós. Chuir an Chúirt Bhreithiúnais tuilleadh leis á rá gurbh éigean don chúirt a rinne an tarchur a chomhoiriúnaí a bhí cur chuige den chineál sin le ceart an chúis chun triail chóir a fháil faoi Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha a fhíorú.

3. STRUCHTÚR FRITHCHALAOISE AN AONTAIS EORPAIGH

An struchtúr casta reachtach agus eagraíochtúil atá i bhfeidhm chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, is as próiseas leanúnach breis agus 30 bliain ar fhad a thagann sé.¹⁶ Cuirtear i láthair sa roinn seo na forbairtí is suntasaí sa réimse sin in 2021¹⁷.

¹⁵ Breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2021, AE:C:2021:1034

3.1. Leibhéal na hEorpa

3.1.1. Parlaimint na hEorpa

Le cois a gníomhaíochtaí reachtacha, déanann **Parlaimint na hEorpa** (PE) grinnscrúdú ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais ag an gCoimisiún (agus ag institiúidí agus comhlachtaí eile) trí nós imeachta dá ngairtear “urscaoileadh”. Dheonaigh PE urscaoileadh le haghaidh bhliain airgeadais 2019¹⁸ agus thionscain an nós imeachta le haghaidh bhliain airgeadais 2020¹⁹ in 2021. Tá an **Coiste um Rialú Buiséadach** (CONT) lárnach sa nós imeachta um urscaoileadh agus dréachtaíonn sé tuarascáil bhliantúil freisin maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Soláthraítear treoraíocht pholaitiúil leis an tuarascáil don Choimisiún agus do na Ballstáit arna glacadh mar rún i seisiún iomlánach na Parlaiminte. Díríodh i roinnt cruinnithe CONT in 2021 ar ghníomhaíochtaí OLAF agus iarradh ar an Oifig a torthaí a chur i láthair.

Léargas 1 - Rún PE 2019 maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

Glacadh rún PE le haghaidh 2019 ina seisiún iomlánach an 7 Iúil 2021, i ndiaidh di vóta CONT fabhrach a fháil an 21 Meitheamh 2021²⁰.

Tá an rún dearfach go maith, ach moltar ann go ndéanfaidh an Coimisiún tuilleadh gníomhaíochta i réimsí éagsúla a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise. Tugtar ar aird ann an méadú ar an líon neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchhalaoiseacha a tuairiscíodh in 2019 agus éilítear leis go rachaidh na Ballstáit i gcomhar níos dlúithe le chéile maidir leis an malartú faisnéise. Leis an rún, aithnítear iarrachtaí an Choimisiúin an tírdhreach frithchhalaoise a athchóiriú agus iarrtar go dtabharfar acmhainní leordhóthanacha do OLAF agus OIPE. Cuirtear ról ríthábhachtach na hinniúlachta braite i dtábhacht leis an rún agus iarrtar ar an gCoimisiún leis leanúint den tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit chun a áirithiú go gcuirfead feabhas ar cháilíocht na rialuithe agus go méadóidh ar a líon. Iarrann PE ar an gCoimisiún na nithe seo a leanas, go háirithe, a dhéanamh:

- córas tuairiscithe agus faireacháin digiteach idir- inoibritheach a chruthú chun go ndéanfaidh na Ballstáit sa bhainistíocht chomhroinnte tuairiscíú tráthúil aonfhoirmeach caighdeánaithe;

¹⁶ Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le forbairt reachtaíochta chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint in imeacht na chéad 30 bliain (1989- 2018) de ghné PIF i gcuid oibre an Aontais, féach an Coimisiún Eorpach, *Annual report on the protection of the EU's financial interests and the fight against fraud – 2018* [Tuarascáil bhliantúil maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus an chhalaois a chomhrac – 2018], COM(2019) 444 final, 11.10.2019. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an 2 bhliain dheireanacha (2019- 2020), faoi seach, féach *Annual report on the protection of the EU's financial interests and the fight against fraud – 2019* [Tuarascáil bhliantúil maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus an chhalaois a chomhrac – 2019], COM(2020) 363 final, 3.9.2020, agus *Annual report on the protection of the EU's financial interests and the fight against fraud – 2020* [Tuarascáil bhliantúil maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus an chhalaois a chomhrac – 2020], COM(2021) 578 final, 20.9.2021.

¹⁷ Cuireadh struchtúr frithchhalaoise an Aontais agus na príomhghníomhaithe lena mbaineann i láthair in COM(2021) 444 final, *cit.*, Roinn 3, lgh. 11- 19.

¹⁸ 2020/2140(DEC) an 28.4.2021.

¹⁹ 2021/2106(DEC). Ghlac PE an rún um urscaoileadh i mí na Bealtaine 2021. D’fhormheas sí an rún um urscaoileadh, maidir leis an gCoimisiún, a ghabh leis an gcinneadh maidir le hurscaoileadh agus 451 vóta ina fhabhar, 175 vóta ina aghaidh agus 17 gcinn de staonadh ó vótáil.

²⁰ Comhad nós imeachta 2020/2246(INI), *Protection of the EU's financial interests - combatting fraud - annual report 2019* [Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint - an chhalaois a chomhrac - tuarascáil bhliantúil 2019].

- straitéis frithchhalaoise lena mbaineann na Ballstáit a ghlacadh;
- togra reachtach maidir le cúnaimh riaracháin frithpháirteach i réimse chaiteachais an Aontais a chur i láthair;
- tograí maidir le huasteorainneacha in aghaidh an duine nádúrtha le haghaidh daoine a thairbhíonn de Bheartas Talmhaíochta an Choimisiúin (CAP) agus de chistí comhtháthaithe a chur san áireamh ina thogra maidir le hathchóiriú ar an Rialachán Airgeadais;
- síneadh a chur leis an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) chuig an mbainistíocht chomhroinnte; agus
- tacaíocht a thabhairt don iriseoireacht iniúchach agus í a chosaint.

3.1.2. An Chomhairle

Téann **Meitheal na Comhairle um Chomhrac na Calaoise** i ngleic le hábhair a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus an chhalaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do na leasanna sin a chomhrac. Oibríonn sí freisin ar ábhair a bhaineann le OLAF agus lena Choiste Maoirseachta.

Tá an mheitheal freagrach as scrúdú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- tograí reachtacha maidir leis an gcalaois a chomhrac agus gníomhaíochtaí OLAF;
- tuarascálacha bliantúla maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais.

Tá ionadaíocht don Choimisiún déanta ag OLAF i roinnt meithleacha de chuid na Comhairle, an Mheitheal um Chomhrac na Calaoise go háirithe.

3.1.3. An Coimisiún Eorpach

Is é an **Coimisiún Eorpach** a shainíonn na straitéisí agus a dhéanann na spriocanna polaitiúla foriomlána arna bhforbairt go comhchoiteann ag institiúidí an Aontais a aistriú ina mbeartais agus ina dtionscnaimh. Déanann Ard- Stiúrtóireachtaí an Choimisiúin bainistíocht ar bheartais shonracha agus ar na cláir chaiteachais ghaolmhara a thacaíonn leo. Chun cosaint níos fearr a thabhairt do bhuiséad an Aontais, ghlac an Coimisiún in 2019 a straitéis frithchhalaoise (Straitéis Frithchhalaoise an Choimisiúin (CAFS)), lena ngabhann plean gníomhaíochta.

Léargas 2 – Staid chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta a ghabhann le CAFS

Is suntasach an ról atá ag Straitéis Frithchhalaoise an Choimisiúin (CAFS) agus ag an bplean gníomhaíochta atá bainteach léi, ina bhfuil 63 ghníomhaíocht, maidir le cosc a chur ar mhí- úsáid fhéideartha chistí an Aontais. Faoi chomhordú OLAF, rinne na ranna freagracha de chuid an Choimisiúin dul chun cinn an- mhaith ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí, á geur ar an mbóthar ceart chun an sprioc- am lena dtabhairt i gcrích, an Nollaig 2021, a chomhlíonadh. Tugadh 59 gcinn de na 63 ghníomhaíocht – thart ar 94 % díobh – i gcrích faoin Meitheamh 2022²¹.

Tá dhá phríomhchuspóir ag an straitéis, is iad sin feabhas a chur ar na nithe seo a leanas: (i) sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu; agus (ii) comhordú, comhar agus próisis.

I gcomhréir leis an gcéad chuspóir, ghéaraigh OLAF ar a obair anailiseach, go háirithe trí chreat riosca a fhorbairt le haghaidh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), lena

²¹ – Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le staid chur chun feidhme phlean gníomhaíochta CAFS, féach “Plean Gníomhaíochta CAFS - A staid faoin Meitheamh 2022” a ghabhann leis an tuarascáil seo.

gcumhdaítear neamhrialtachtaí tromchúiseacha féideartha – calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa – a thagann chun cinn agus RRF á chur chun feidhme. Sheol sé staidéar freisin maidir le forbairt an Chórais Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS) amach anseo, chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna idir- inoibritheachta agus feabhas a chur ar thuairisciú ag na Ballstáit.

I gcomhréir leis an dara cuspóir ag CAFS, leanadh den dul chun cinn ar roinnt gníomhaíochtaí arb é is cuspóir dóibh comhar agus comhoibriú idir ranna an Choimisiúin a chothú agus córas formhaoirseachta frithchhalaoise níos éifeachtaí a sholáthar don Choimisiún. Géaraíodh ar theagmháil agus comhar idir ranna an Choimisiúin, go háirithe trí chruinnithe tráthrialta de ghrúpaí ionadaithe de chuid an Choimisiúin – a chuirtear ar bun de réir mhodh nó théama bainistíochta – faoi choimirce an líonra chun calaois a chosc agus a bhrath (FPDNet) faoi cheannas OLAF.

Gheall an Coimisiún freisin go gcuirfeadh sé feabhas ar an bhfaireachán ar na bearta leantacha a dhéantar i leith mholtaí OLAF, mar chuid fhíor- riachtanach de na hiarrachtaí chun cistí a caitheadh go míchuí a chur ar ais i mbuiséad an Aontais. Rinne an Coimisiún agus OLAF iarracht chomhbheartaithe méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an fhaireacháin sin agus rinne measúnú ar thart ar 1 700 moladh airgeadais arna n- eisiúint chuig ranna agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Choimisiúin idir 2012 agus 2020. San iomlán, tá suim na méideanna a mholtar dá n-aisghabháil le haghaidh 2012- 2020 cothrom le níos mó ná EUR 7 mbilliún a bhfuil beagnach 40 % de nasctha le cúig mhórchás gearrлуachála custaim²².

Chun iarrachtaí leanúnacha frithchhalaoise a áirithiú sa Choimisiún, agus chun aghaidh a thabhairt ar a bhfuil fágtha de gníomhaíochtaí phlean gníomhaíochta CAFS 2019 agus ar thosaíochtaí nua an Choimisiúin araon, tá OLAF ag smaoineamh ar athbhreithniú spriocdhírthe a dhéanamh ar an bplean. Tá príomhchuspóirí agus bunphrionsabail CAFS fós bailí agus beartaítear go ndíreoidh plean gníomhaíochta athbhreithnithe ar thosaíochtaí an Choimisiúin amhail MFF nua, RRF, comhar le OIPE, agus ról an digítithe sa chomhrac in aghaidh na calaoise.

3.1.4. An Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF)

Déanann an **Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF)** imscrúduithe neamhspleácha ar chalaois agus éilliú lena mbaineann cistí an Aontais agus forbraíonn beartas frithchhalaoise an Aontais chun calaois, éilliú agus aon gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac.

Léargas 3 – Gníomhaíochtaí OLAF in 2021

Rinneadh thart ar 1 100 roghnúchán le linn na bliana, agus osclaíodh 234 chás imscrúdaithe nua mar gheall orthu. D'éirigh le OLAF 212 imscrúdú san iomlán a thabhairt i gcrích le linn na bliana agus d'eisigh sé, dá thoradh sin, 294 cinn de mholtaí airgeadais, breithiúnacha, araíonachta agus riaracháin chuig údaráis inniúla an Aontais agus údaráis inniúla náisiúnta. Bhain tromlach na moltaí sin le haisghabháil chistí an Aontais ag an Aontas agus ag na húdaráis náisiúnta i gceist – EUR 527.4 milliún in 2021. A bhfuil le hobair OLAF, rinneadh an caitheamh míchuí ar níos mó ná EUR 340 milliún a chosc.

Le himscrúduithe OLAF léiríodh roinnt treochtaí nua i ngníomhaíocht chhalaoiseach, amhail calaois a bhaineann le COVID- 19, leis an aistriú glas agus leis an mbainistiú dramhaíola.

²² Gearrлуacháil a braitheadh sa Ríocht Aontaithe, tuairiscíodh cheana i dtuarascáil PIF 2020 í, *cit.*, Léargas 1, lch. 13.

Síníodh chomhshocrú oibre idir OLAF agus OIPE an 5 Iúil 2021 d'fhonn comhar oibríochtúil a bharrfheabhsú. Tá torthaí nithiúla ar an gcomhar sin cheana. Ba ó OLAF a tháinig cuid shuntasach faisnéise isteach chuig OIPE in 2021²³. Bhí 85 cinn dá imscrúduithe coiriúla bunaithe ar thuairisciú imscrúduithe OLAF. Is é EUR 2.2 billiún an méid iomlán damáiste féideartha do bhuiséad an Aontais a mheastar a bheith i gceist leis na hábhair faoi imscrúdú a thuairiscigh OLAF in 2021²⁴. Sholáthair imscrúdaitheoirí agus anailísithe fóirínseacha OLAF tacaíocht shubstantiúil d'imscrúduithe OIPE freisin, trína bheith rannpháirteach in agallaimh le finnítithe mar shaineolaithe agus trí anailís mhionsonraithe ar chúrsaí custaim a sholáthar. D'oscail OLAF roinnt imscrúduithe comhlántacha. Bhí roinnt torthaí suntasacha orthu sin i dtéarmaí ceartais airgeadais agus choiriúil.

3.1.5. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

Tá sé de chumhacht ag **Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)**, ina cáil mar an chéad údarás ionchúisimh fornáisiúnta, coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh sna 22 Bhallstát rannpháirteacha²⁵.

Léargas 4 - Na chéad 7 mí de ghníomhaíocht oibriúcháin OIPE ina bhfigiúirí

Chuaigh OIPE i mbun oibríochtaí an 1 Meitheamh 2021. Fuair an Oifig 2 832 thuairisc agus osclaíodh 576 imscrúdú san iomlán faoi dheireadh 2021 (515 cinn díobh ina n-imscrúduithe gníomhacha faoin 31 Nollaig 2021)²⁶.

Ba ó údarais náisiúnta nó ó pháirtithe príobháideacha go príomha a tháinig na tuairiscí.

Thug OIPE comhshocrú oibre le hOifig Ard- Ionchúisitheora na hUngáire i gcrích agus táthar i mbun caibidlíochta maidir le comhshocrú oibre leis an bPolainn, le hÉirinn agus leis an Danmhairg.

A mhéid a bhaineann le haisghabháil na bhfáltas as gníomhaíochtaí coiriúla, rinneadh 81 ghníomhaíocht aisghabhála in 12 cheann de na Ballstáit rannpháirteacha (an Iodáil, an Bheilg, an Ghearmáin, an Rómáin, an tSeicia, an Chróit, an Fhionlainn, an Laitvia, Lucsamburg, an Spáinn, an Liotuáin agus an Phortaingéil). D'iarr OIPE go ngabhfaí níos mó ná EUR 152 mhilliún san iomlán agus deonaíodh an ghabháil ar níos mó ná EUR 147 milliún.

I gcomhréir leis an ionchúiseamh sainordaitheach, tá oibleagáid ar OIPE imscrúduithe a thionscnamh in aon chás ina bhfuil forais réasúnta lena chreidiúint go ndearnadh cion, nó go bhfuil cion á dhéanamh, laistigh dá inniúlacht. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar údarais náisiúnta aon iompar coiriúil a mbeadh OIPE in ann a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith a thuairisciú do OIPE. Má thosaigh údarais náisiúnta ag déanamh imscrúdú ar chion a thagann faoi inniúlacht OIPE agus má chinneann OIPE a cheart easghairme a fheidhmiú, tá oibleagáid orthu a gcásanna a thabhairt ar lámh dó. Is iad na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha sna Ballstáit rannpháirteacha a thionscnaíonn imscrúduithe agus 22 Imscrúdaitheoir Eorpacha agus an Príomh- Ionchúisitheoir Eorpach i Lucsamburg a dhéanann formhaoirseacht orthu. Tá na

²³ Leis an gcreat dlíthiúil lena rialaítear an caidreamh idir OIPE agus OLAF, déantar foráil maidir le comhshocrúithe oibre idir an dá chomhlacht agus leagtar síos gnéithe praiticiúla an chaidrimh sin. Síníodh na comhshocrúithe oibre an 5 Iúil 2021.

²⁴ An Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF), [Tuarascáil OLAF 2021](#), lch. 38.

²⁵ Níl an Danmhairg, Éire, an Ungáir, an Pholainn ná an tSualainn rannpháirteach in OIPE. Tá coinne leis go dtiocfaidh an tSualainn isteach in OIPE in 2023.

²⁶ Chun staidreamh níos mionsonraithe a fháil, go háirithe in aghaidh an Bhallstáit rannpháirtigh, féach Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, [Tuarascáil Bhliantúil 2021](#).

hIonchúisitheoirí Tarmlichte Eorpacha leabaithe i seirbhísí ionchúisimh phoiblí náisiúnta nó in oifigí breithiúnacha náisiúnta. Ní féidir ach le ceanncheathrú OIPE, trí na 15 Dhlísheomra Bhuaana nó tríd an 22 Ionchúisitheoir Eorpacha, treoir a thabhairt dóibh maidir lena n-obair oibríúcháin, áfach. Bhí 95 cinn d'Ionchúisitheoirí Tarmlichte Eorpacha gníomhach in 2021 agus beartaítear 140 díobh a cheapadh. Tháinig Coláiste OIPE le chéile 34 huairé agus ghlac sé 125 chinneadh. Leasaigh agus d'fhorlón sé roinnt cinntí bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh an chéad uair, maidir le leithdháileadh cásanna ar na Dlísheomraí Buana, mar shampla, nó maidir le fíorú na faisnéise a cláraíodh chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht OIPE.

Léargas 5 – An Comhaontú lena mbunaítear na modúlachtaí comhair idir an Coimisiún agus OIPE

Foráiltear leis an gcreat dlíthiúil lena rialaítear OIPE go mbunóidh sé caidreamh comhair leis an gCoimisiún agus go gcoinneoidh sé an caidreamh sin ar bun chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Chuige sin, tá comhaontú arna thabhairt i gcrích acu lena leagtar amach na modúlachtaí le haghaidh a gcomhair.

Tugtar mionsonraí sa Chomhaontú, arna shíniú an 18 Meitheamh 2021, maidir leis na comhshocruithe riaracháin atá ann chun na hoibleagáidí frithpháirteacha i leith faisnéise agus comhairliúcháin a leagtar síos i Rialachán OIPE a chur chun feidhme. Tá sé d'aidhm acu, ar thaobh amháin, é a chur ar a chumas do OIPE imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh go héifeachtach ar choireanna a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais; agus, ar an taobh eile, é a chur ar a gcumas do ranna de chuid an Choimisiúin a áirithiú go ndéanfar bearta leantacha riaracháin, airgeadais agus araíonachta iomchuí maidir le himscrúduithe OIPE, lena n-áirítear bearta réamhchúraim chun buiséad an Aontais a chosaint.

Sonraítear leis an gComhaontú, go háirithe, a) na cineálacha sonracha faisnéise nó comhairliúcháin atá le tarchur i ngach cás; b) na pointí teagmhála ábhartha; c) na nósanna imeachta is infheidhme, uirlisí cumarsáide, teimpléad agus sprioc-amanna; agus d) na coinníollacha faoina mbeidh OIPE in ann rochtain a fháil ar bhunachair sonraí ábhartha shonracha a ndéanann an Coimisiún bainistíocht orthu. Áirítear ann freisin tagairt don dlúthchomhar tráthúil idir an Coimisiún agus OIPE a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.

3.1.6. Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE)

Déanann **Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE)** measúnú ar gheilleagar, éifeachtacht, éifeachtúlacht, dlíthiúlacht agus rialtacht ghníomhaíocht an Aontais chun feabhas a chur ar chuntasacht, trédhearcacht agus bainistíocht airgeadais.

Léargas 6 – Tuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúcháirí na hEorpa

Déanann CIE iniúchadh gach bliain ar ioncam agus caiteachas bhuiséad an Aontais agus tugann sé a thuairim ar a mhéid atá na cuntais bhliantúla iontaofa, agus ar a mhéid a chomhlíonann ioncam agus caiteachas na rialacha agus na rialacháin atá i bhfeidhm. Foilsíodh an tuarascáil bhliantúil le haghaidh bhliain airgeadais 2020 an 26 Deireadh Fómhair 2021²⁷.

Tháinig CIE ar an gconclúid nach ndearnadh difear do na cuntais de dheasca míráitis ábhartha. Maidir le rialtacht na n-idirbheart, tháinig sé ar an gconclúid go raibh an t-ioncam saor ó

²⁷ Cúirt Iniúcháirí na hEorpa, [Annual Report on the implementation of the EU budget for the financial year 2020](#)[Tuarascáil Bhliantúil maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais le haghaidh bhliain airgeadais 2020], 26.10.2021.

earráid ábhartha. Maidir le caiteachas, léiríonn torthaí an iniúchta go raibh an leibhéal measta earráide mar an gcéanna leis an mbliain seo caite, 2.7 %. Rinne leibhéal ábhartha earráide difear do chaiteachas ardriosca (caiteachas bunaithe ar aisíocáíocht go príomha). Tuairiscíodh sé cinn de chásanna calaoise amhrasta do OLAF in 2021.

3.1.7. Eurojust

Déanann **Eurojust**, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, comhordú ar obair údarás náisiúnta – i mBallstáit agus i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad – chun imscrúdú a dhéanamh ar choireacht thrasnáisiúnta agus í a ionchúiseamh. Ó thaobh leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, is i ndáil le Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE is mó atá ról aige.

Léargas 7 – Buaiophointí Eurojust in 2021

Lean Eurojust dá obair oibriúcháin in 2021 chun calaois a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais agus coireanna eile PIF a chomhrac in éineacht le OIPE, OLAF agus Europol. Ar chomhar sa chomhrac in aghaidh na calaoise áiríodh rannpháirtíocht Eurojust in Oibríocht SENTINEL, arbh é ab aidhm di cosaint a thabhairt do chistí i ndáil le tionscnamh NextGenerationEU in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais (féach **Léargas 11**).

Cuireadh tús in 2021 leis an gcomhar idir Eurojust agus OIPE. Ar shíniú a gcomhshocraithe oibre dóibh i mí Feabhra 2021, thosaigh Eurojust ag dul i gcomhar le OIPE in imscrúduithe go gairid tar éis do OIPE tús a chur lena obair oibriúcháin an 1 Meitheamh 2021.

Lean OLAF de bheith ina chomhpháirtí tábhachtach oibriúcháin ag Eurojust in 2021, agus é rannpháirteach i roinnt cruinnithe comhordúcháin maidir le cásanna a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais. Bhunaigh an dá chomhlacht sreabhadh oibre nua freisin le haghaidh comhar níos dlúithe agus lean siad de bheith ag obair ar an meastóireacht ar Fhoirne Comhpháirteacha Imscrúdaithe (JITanna) ina raibh OLAF rannpháirteach. Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe sin, lean Eurojust agus OLAF de bheith ag comhroinnt saineolais maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise. I ndiaidh sheimineár Eurojust le haghaidh imscrúdaitheoirí OLAF in 2020, d'fhreastail saineolaithe Eurojust ar chuir i láthair a rinne OLAF in 2021 maidir le cás- staidéir, modhanna anailíse sonraí agus an creat dlíthiúil athbhreithnithe is infheidhme d'imscrúduithe OLAF.

3.1.8. Europol

Feidhmíonn **Europol**, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, mar lárionad tacaíochta d'oibríochtaí forfheidhmithe dlí, mar mhol faisnéise maidir le gníomhaíochtaí coiriúla agus mar lárionad saineolais i dtaca le forfheidhmiú an dlí.

Léargas 8 – Europol in 2021

Rinne an Lárionad Eorpach um Choireacht Airgeadais agus Eacnamaíoch (EFECC), lárionad de chuid Europol, cruinniú ardleibhéal forfheidhmithe dlí a reáchtáil sa Róimh i mí Mheán Fómhair 2021, i gcomhar le húdaráis na hIodáile, agus comhaontaíodh an prionsabal seo a leanas: cuireann aon bhagairt ar RRF isteach ar dhea- staid airgeadais an Aontais.

Chuaigh Europol, OLAF, OIPE, Eurojust agus 21 Bhallstát i gcomhar le chéile i mí Mheán Fómhair 2021 freisin mar chuid d'Oibríocht SENTINEL (féach **Léargas 11**).

3.2. Leibhéal an Bhallstáit

3.2.1. Seirbhísí Comhordúcháin Frith- Chalaoise (AFCOS)

Tá sé de cheangal ar na Ballstáit ó 2013²⁸ **seirbhísí comhordúcháin frith- chalaoise** (AFCOS) a ainmniú chun comhar éifeachtach agus malartú faisnéise, lena n- áirítear faisnéis oibriúcháin, le OLAF a éascú. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit a chinneadh an áit is fearr AFCOS a lonnú ina struchtúr riaracháin náisiúnta agus na cumhachtaí a bheidh ag an tseirbhís.

D'fhéadfadh sainordú AFCOS a bheith éagsúil ag brath ar imthosca a bhaineann go sonrach leis an tír. I ngach cás, áfach, ba cheart a áireamh lena chúraimí comhar le OLAF agus comhordú, sa Bhallstát lena mbaineann, ar oibleagáidí agus gníomhaíochtaí reachtacha, riaracháin agus imscrúdaitheacha a bhaineann le cosaint leasanna airgeadais an Aontais.

Léargas 9 – Bearta a ghlac na Ballstáit in 2021²⁹

Neartaigh Lucsamburg agus an Laitvia ar AFCOS acu. Athneartaíodh foireann AFCOS i **Lucsamburg** chun comhordú leormhaith sa chomhrac in aghaidh na calaoise agus i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. Thuairiscigh **an Laitvia** gur glacadh dlí nua agus go bhfuil lámhleabhar comhfhreagrach níos imeachta ann chun a áirithiú go bhfuil cearta dlíthiúla ag AFCOS na tíre sin (a) chun bheith rannpháirteach i seiceálacha OLAF ar an láthair agus chun cúnaimh a sholáthar iontu, (b) chun faisnéis nó doiciméid a iarraidh ar dhaoine príobháideacha, agus (c) chun faisnéis maidir le cuntais bhainc a fháil mar chuid d'imscrúduithe riaracháin.

Thuairiscigh **an Ghréig, an Spáinn** agus **an tSualainn** bearta a rinne AFCOS na dtíortha sin chun cuidiú le húdaráis bhainistíochta tuairisciú níos fearr ar chásanna féideartha calaoise a dhéanamh do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.

3.2.2. Straitéisí Náisiúnta Frithchalaoise (NAFS)

Mar thoradh ar an spreagadh leanúnach a thug an Coimisiún do Bhallstáit **straitéisí náisiúnta frithchalaoise** (NAFS) a ghlacadh, tá méadú seasta tagtha ar an líon straitéisí náisiúnta frithchalaoise a glacadh. Faoi dheireadh 2021, rinne 17³⁰ mBallstát NAFS a ghlacadh nó a


²⁸ I gcomhréir le hAirteagal 12a de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2016/2030 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 agus Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020.

²⁹ Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le tionscnaimh náisiúnta chun feabhas a chur ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais, féach “Bearta a ghlac na Ballstáit chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint in 2021 – Cur chun feidhme Airteagal 325 CFAE” a ghabhann leis an tuarascáil seo.

³⁰ An Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSualainn. Astu sin, níor tharchuir an Ghearmáin ná an Phortaingéil na doiciméid riachtanacha chuig OLAF go fóill. Thuairiscigh an Ostair in 2020 go raibh straitéisí i bhfeidhm aici go dtí deireadh na bliana, ach níor tharchuir sí aon nuashonrú breise le ghaird 2021.

nuashonrú agus as an 11³¹ cheann nár ghlac ceann go fóill, thuairiscigh ceithre³² cinn díobh go raibh siad i mbun NAFS a dhréachtú, nó gar dá ghlacadh.

Fíor 3 - NAFS: staid na himeartha maidir le glacadh



Cé go mbíonn cumhdach agus ábhar na straitéisí éagsúil i gcónaí ar fud na mBallstát³³ agus gur gá roinnt straitéisí a thabhairt cothrom le dáta, tháinig feabhas ar an staid fhoriomlán i gcomparáid le 2020. I ndiaidh mholtaí an Choimisiúin, tugadh roinnt³⁴ de na straitéisí atá i bhfeidhm faoi láthair cothrom le dáta chun rioscaí suntasacha nua a léiriú, amhail iad sin a bhaineann le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus éifeachtaí phaindéim COVID- 19.

³¹ An Bheilg, Éire, an Spáinn, an Chipir, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an Fhionlainn.

³² An Bheilg, an Spáinn, Lucsamburg, an Rómáin.

³³ Féach roinn 5.6 freisin.

³⁴ An Bhulgáir, an Ghréig, an Fhrainc, an Iodáil, an Ungáir.

3.2.3. Cur chun feidhme mholtaí 2020 ag na Ballstáit³⁵

Ina Thuarascáil 2020 ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, rinne an Coimisiún trí shraith moltaí do na Ballstáit, lena gcuimhdaítear a) gnéithe trasearnála den chomhrac in aghaidh na calaoise; b) ioncam; agus c) caiteachas. Bhí sé mar aidhm ag na moltaí seo comhar a fheabhsú idir an tAontas Eorpach agus comhlachtaí náisiúnta; comhleánúnachas agus comhsheasmhacht na mbeart frith- chalaioise náisiúnta a mhéadú; feidhmiú an aontais chustaim agus údaráis chustaim na mBallstát a optamú; creataí rialaithe inmheánaigh a neartú; agus solúbthacht agus athléimneacht le linn géarchéime a mhéadú.

Maidir le gnéithe trasearnála an chomhraic in aghaidh na calaoise, mhol an Coimisiún go ndéanfadh na Ballstáit nár tháinig isteach in OIPE breithniú ar an méid sin a dhéanamh.

As na cúig Bhallstát nach bhfuil ina mball den OIPE fós, léirigh **an tSualainn** go bhfuil sé ar intinn aici dul isteach in 2023; Dúirt **an Danmhairg, Éire, an Ungáir,** agus **an Pholainn** nach raibh sé ar intinn acu dul isteach³⁶.

I réimse an ioncaim, d'fhreagair 16³⁷ Bhallstát gur chuir siad moladh an Choimisiúin chun feidhme go hiomlán maidir le measúnú a dhéanamh ar na **rioscaí agus na heasnamh a bhaineann lena straitéisí náisiúnta rialaithe custaim** a tugadh chun cinn ag paindéim COVID- 19, chuir 4³⁸ chun feidhme go páirteach é, agus níor chuir 6³⁹ chun feidhme é. Léiríonn na freagraí sraith beart rathúil, amhail solúbthacht na rialuithe agus próifiliú riosca, a chinntigh gur leanadh de rialuithe a dhéanamh go héifeachtach le linn thréimhse COVID- 19 dá bhrí sin.

Mar fhreagra ar an moladh **measúnú a dhéanamh ar na rioscaí nár tugadh aghaidh orthu in 2020 agus bearta feabhais a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt orthu**, chuir 16⁴⁰ Bhallstát an moladh chun feidhme go hiomlán, chuir 3⁴¹ chun feidhme go páirteach é, agus níor chuir 7⁴² chun feidhme é.

Maidir leis na moltaí maidir le caiteachas, thuiriscigh 11⁴³ Bhallstát gur sheol siad **cleachtaí spriodhírthe bainistíochta riosca a bhaineann le tionchar COVID- 19 agus cur chun feidhme an RRF** atá le teacht, agus chuir siad an moladh chun feidhme go hiomlán; Chuir 11⁴⁴ chun feidhme go páirteach é, agus níor chuir 4⁴⁵ an moladh chun feidhme.

³⁵ Chun forbhreachnú iomlán a fháil ar na bearta leantacha a thug na Ballstáit, féach “Cur chun feidhme mholtaí 2020 ag na Ballstáit” a ghabhann leis an tuarascáil seo.

³⁶ Tá rogha gan a bheith páirteach ag an Danmhairg agus ag Éirinn i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.

³⁷ an Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSualainn.

³⁸ An Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc.

³⁹ An Danmhairg, an Chróit, Málta, an Ísiltír, an tSlóvaic, an Fhionlainn.

⁴⁰ An tSeicia, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSualainn

⁴¹ An Bheilg, an Bhulgáir, an Fhrainc.

⁴² An Danmhairg, an Ghearmáin, an Chróit, Málta, an Ísiltír, an tSlóvaic, an Fhionlainn.

⁴³ An Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSualainn

⁴⁴ An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Ungáir, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóvaic, an Fhionlainn.

⁴⁵ An Ghearmáin, Éire, an Liotuáin, an tSlóivéin.

Maidir le cé acu a chuir nó nár chuir siad **feabhas ar an mbealach a bhailítear agus a úsáidtear sonraí foluiteacha agus sonraí maidir le neamhrialtachtaí braite agus calaois**, thuairiscigh 14⁴⁶ Bhallstát gur chuir siad an moladh chun feidhme go hiomlán, thuairiscigh 7⁴⁷ go raibh sé curtha chun feidhme go páirteach acu, agus thuairiscigh 5⁴⁸ nach raibh sé curtha chun feidhme acu. Thuairiscigh formhór na mBallstát gur chuir siad a n- úsáid de chórais TF amhail an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS), Arachne⁴⁹, an Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES)⁵⁰, chomh maith le héagsúlacht uirlisí TF náisiúnta, in oiriúint chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí ar oibrigh siad leo.

Spreag an moladh deiridh maidir le caiteachas na Ballstáit chun **córas comhtháite agus idir- inoibritheach faisnéise agus faireacháin a úsáid a chuirfidh an Coimisiún ar fáil do RRF agus do bhuiséad an Aontais**. Thuairiscigh 19⁵¹ mBallstát gur chuir siad chun feidhme go hiomlán é, thuairiscigh 4⁵² gur chuir siad chun feidhme go páirteach é, agus thuairiscigh 3⁵³ nár chuir siad an moladh chun feidhme.

4. COMHAR FRITH- CHALAOISE

Tá sé rithábachtach don Aontas an chalaos a chomhrac, go háirithe i bhfianaise an róil atá aige ar ardán an domhain. Tá comhar rithábachtach chun a áirithiú go mbeidh an comhrac sin éifeachtach. Tugtar cuntas sa roinn seo ar na forbairtí is suntasaí sa réimse seo.

4.1. Comhar idirnáisiúnta

4.1.1. Comhar le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus forálacha cúnaimh fhrithpháirtigh agus frith- chalaos i gcomhaontuithe idirnáisiúnta

Tá **comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta** rithábachtach chun cistí an Aontais a chaitear lasmuigh den Eoraip agus taobh ioncaim bhuiséad an Aontais a chosaint. Chun é sin a dhéanamh, in 2021, lean OLAF - in éineacht le roinn ábhartha an Choimisiúin - de bheith **ag áirithiú go raibh forálacha fóna frith- chalaos i gcomhaontuithe maoiniúcháin agus i gconarthaí eile**, lena n- áirítear an fhéidearthacht rialuithe agus imscrúduithe a dhéanamh a bhaineann le cistí a cuireadh chun feidhme lasmuigh den Aontas. Thug OLAF socrúithe comhair riaracháin i gcrích freisin le dhá údarás comhpháirtíochta idirnáisiúnta, Oifig Ard- Ionchúisitheora na hÚcráine agus an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (WCO). Cuidíonn socrúithe den sórt sin le dlúthchaidreamh a chothú le comhpháirtithe atá rannpháirteach sa chomhrac in aghaidh na

⁴⁶ An Bhulgáir, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSualainn.

⁴⁷ An Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Spáinn, an Fhrainc, an Rómáin, an Fhionlainn.

⁴⁸ An Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Liotuáin, an tSlóivéin.

⁴⁹ Is córas TF comhtháite aonair le haghaidh mhianadóireacht sonraí scóráil riosca é Arachne a d'fhorbair an Coimisiún agus a chuir siad ar fáil do na Ballstáit i réimsí an chomhtháthaithe, na talmhaíochta agus RRF.

⁵⁰ Le haghaidh tuairisc ar an gcóras, féach Roinn 7.2.

⁵¹ An Bhulgáir, an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóvaic.

⁵² An Chróit, an Liotuáin, an Rómáin, an Fhionlainn.

⁵³ An Ghearmáin, an Eastóin, an tSualainn.

calaoise trí chreat treorach a sholáthar le haghaidh comhar praiticiúil, e.g. faisnéis nó dea- chleachtais a chomhroinnt. In 2021, d'eagraigh OLAF imeachtaí for- rochtana ar líne freisin chun teagmhálacha oibríochtúla nua a bhunú le húdaráis imscrúdaitheacha i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus chun tuairisciú calaoise agus neamhrialtachtaí a spreagadh trí Thoscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain.

Tá comhar le tríú tíortha chun sárúithe ar an reachtaíocht custaim a chosc, a bhrath agus a chomhrac bunaithe ar chomhaontuithe maidir le **cúnamh riaracháin frithpháirteach** (MAA) in ábhair chustaim. Bíonn comhaontuithe den sórt sin ina rannchuidiú tábhachtach le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá comhaontuithe ann le 87 dtír, lena n- áirítear le comhpháirtithe trádála móra an Aontais, amhail na Stáit Aontaithe, an tSín agus an tSeapáin faoi láthair. In 2021, tugadh caibidlíochtaí le tíortha Oirthear agus Dheisceart na hAfraice (ESA5)⁵⁴ i gcrích, agus bhí caibidlíochtaí ar bun leis an Astráil, an Indinéis agus an Ríocht Aontaithe i leith Ghiobrálta.

Is iondúil go mbíonn clásal frith- chalaoise i gcomhaontuithe saorthrádála, lena mbaineann tarraingt siar shealadach fabhair taraife ar tháirge i gcásanna calaoise custaim tromchúisí nó ina mbíonn easpa leanúnach comhair leormhaith chun é a chomhrac. Déanta na fírinne, is *conditio sine qua non* é clásal den sórt sin chun fabhar taraife a dheonú ar thríú tíortha.

4.1.2. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe CoSP9 agus réitigh urraithe ag an Aontas Eorpach

Tá an tAontas ina pháirtí i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (UNCAC), an t- aon ionstraim frith- éillithe uilíoch atá ceangailteach ó thaobh dlí de. Déanann an Coimisiún ionadaíocht ar an Aontas ag gach próiseas a bhaineann le UNCAC, lena n- áirítear rannpháirtíocht i gcríoch an ghrúpa athbhreithnithe cur chun feidhme agus sna meithleacha oscailte um Éilliú a Chosc agus um Aisghabháil Sócmhainní.

Tá an Sásra le haghaidh Athbhreithniú ar Chur chun Feidhme an Choinbhinsiúin ceangailteach ar gach páirtí sa Choinbhinsiún, lena n- áirítear an tAontas Eorpach. I mí an Mheithimh 2021, d'fhógair an Coimisiún d'Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) go raibh sé ullamh dul faoin bpróiseas athbhreithnithe dá bhforáiltear faoi UNCAC⁵⁵. I mí Iúil 2021, seoladh an t- athbhreithniú um chur chun feidhme go hoifigiúil.

Ag a naoú Comhdháil de Pháirtithe Stáit (CoSP) in Sharm el- Sheikh, an Éigipt, i mí na Nollag 2021, chuir an tAontas a chuid iarrachtaí diana leanúnacha i dtábhacht chun tacú leis an **rannpháirtíocht is leithne den tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha** sa chomhrac in aghaidh an éillithe.

Le linn an phlé ghinearálta, thug an tAontas dá aire ról OIPE agus OLAF sa chomhrac in aghaidh an éillithe agus leag sé béim ar a thábhachtaí atá na meáin agus iriseoirí iniúchacha. Bhí ceithre cinn as na hocht rún a glacadh urraithe ag an Aontas, go háirithe maidir le héilliú a chosc, an comhar idirnáisiúnta a neartú le linn éigeandálaí agus freagairt i gcás géarchéime agus téarnaimh chomh maith leis an gcomhrac réigiúnach in aghaidh an éillithe⁵⁶.

⁵⁴ Oileáin Chomóra, Madagascár, Oileán Mhuiris, na Séiséal agus an tSiombáib.

⁵⁵ Trí bhithin litir ón gCoimisinéir Johansson chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin UNODC.

⁵⁶ Tuarascáil chríochnaitheach ar COSP 9.

4.1.3. An comhrac in aghaidh na trádála aindleathaí i dtáirgí tobac

Leanadh an dara plean gníomhaíochta chun an trádáil neamhdhleathach tobac a chomhrac (2018- 2022), a chuir an Coimisiún i láthair i mí na Nollag 2018 agus ina raibh bearta beartais agus bearta oibríochtúla forfheidhmiúcháin an dlí, de bheith curtha chun feidhme i gcaitheamh 2021, agus bhí líon mór príomhghníomhaíochtaí ar siúl nó tugtha chun críche faoi dheireadh 2021.

Bíonn príomhról ag an gCoimisiún sa réimse seo ar leibhéal iltaobhach agus go déthaobhach le tíortha foinseacha agus idirthurais. Ar an leibhéal iltaobhach, is comhaontú idirnáisiúnta é an **Prótacal ar mhaithe le trádáil aindleathach i dtáirgí tobac a dhíothú den Chreat- Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac** (Prótacal FCTC) atá dírithe ar thrádáil aindleathach tobac ar fud an domhain a laghdú go suntasach. Tá OLAF, i ndlíthchomhar le ranna ábhartha an Choimisiúin agus leis na Ballstáit, rannpháirteach go gníomhach in obair a bhaineann le Prótacal FCTC. Rinne OLAF ionadaíocht thar ceann an Aontais agus na mBallstát rannpháirteach ag an dara Cruinniú de chuid na bPáirtithe a bhí ar siúl i mí na Samhna 2021. Le linn an chruinnithe sin, formheasadh conclúidí dhá mheitheal (Rianú agus Lorgaireacht, agus Cúnamh agus Comhar), agus moladh straitéis chúnaimh nua chun tacú le cur chun feidhme an Phrótacail. Chomhaontaigh na Páirtithe uile lena mbaineann freisin leanúint ar aghaidh ag obair ar Phointe Fócasach Domhanda um Chomhroinnt Faisnéise chun córais rianaithe agus lorgaireachta a chumasú chun faisnéis a mhalartú agus chun tacú leis an gcomhrac domhanda in aghaidh na trádála aindleathaí sa tobac.

4.2. Comhar idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit

4.2.1. Gníomhaíochtaí an Choiste Chomhairligh um Chomhordú ar Chalaois a Chosc (COCOLAF)

Tugann an **Coiste Chomhairleach um Chomhordú ar Chalaois a Chosc (COCOLAF)** an Coimisiún (a bhfuil OLAF mar ionadaí dó) agus saineolaithe Ballstáit le chéile. Soláthraíonn sé fóram chun na príomhfhorbairtí sa chomhrac in aghaidh na calaoise a phlé agus chun an tuarascáil seo a ullmhú. Tá a chuid oibre bunaithe ar cheithre mheitheal agus seisiúin iomlánacha.

In 2021, eagraíodh dhá chruinniú iomlánacha i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag, reáchtáladh dhá chruinniú den fhoghrúpa maidir le tuairisciú agus anailísiú calaoise agus neamhrialtachtaí eile, agus ceann amháin den fhoghrúpa maidir le calaois a chosc. Ba dheiseanna maithe iad na cruinnithe seo chun na treochoirí is déanaí maidir le neamhrialtachtaí agus calaois a phlé agus na huirlisí TF a úsáidtear chun cistí an Aontais a bhainistiú. D'fheidhmigh siad mar nasc tábhachtach freisin idir OLAF agus a chomhpháirtithe le linn na paidéime, ag coimeád línte cumarsáide ar oscailt agus ag ligean do rannpháirtithe faisnéis agus dea- chleachtais a chomhroinnt.

Reáchtáladh an cruinniú bliantúil idir AFCOS Ballstát i mí Mheán Fómhair, ar líne. Dhírigh na cainteanna ar RRF. I mí na Nollag, chomhaontaigh an foghrúpa maidir le calaois a chosc ar shainghrúpa a bhunú a bheidh tiomnaithe d'uirlisí TF a úsáid chun acmhainní RRF a chosaint.

4.2.2. Clár frith- chalaoise an Aontais Eorpaigh

Cuireadh clár nua **clár frith- chalaoise an Aontais (UAFP)** in ionad chlár Hercule III, a thug cúnamh do thionscadail a thacaíonn leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2014- 2020 le glacadh Rialachán (AE) 2021/785.

Comhthiomsaíonn UAFP trí ghníomhaíocht dhifriúla ar leithligh a bhí ann roimhe, ach cuireann sé leis an rath a bhí ar chlár Hercule III. Cumasctar UAFP le **haon creat amháin cuid maoiniúcháin Hercule**, maoiniú an **Chórais Faisnéise Frith- Chalaoise** (ardán AFIS), chun tacú le cúnaimh frithpháirteach na mBallstát in ábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta, agus an **Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS)**, chun neamhrialtachtaí a thuairisciú, lena n- áirítear calaois, i gcásanna a bhaineann le bainistíocht chomhroinnte agus le cistí cúnaimh réamhaontachais.

Cuireann sé sin **feabhas ar shineirgí** idir na snáitheanna éagsúla agus cruthaíonn sé barainneachtaí le haghaidh acmhainní, lena n- áirítear an tsolúbthacht airgeadais chun cistiú laistigh den chlár a ath- leithdháileadh ar ghníomhaíocht amháin nó ar cuid de ghníomhaíocht eile, i gcás inar gá.

Tá dhá chuspóir ghinearálta ag UAFP⁵⁷. Ar an gcéad dul síos, tá sé mar aidhm leis leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ar an dara dul síos, tá sé mar aidhm leis tacú le cúnaimh frithpháirteach idir údarais riaracháin na mBallstát, agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirtear an dlí i bhfeidhm i gceart maidir le hábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta.

Tá trí chuspóir shonracha ag an gclár:

- (1) calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac;
- (2) tacú le tuairisciú neamhrialtachtaí, lena n- áirítear calaois, maidir le cistí bainistíochta comhroinnte agus cistí cúnaimh réamhaontachais bhuiséad an Aontais;
- (3) uirlisí a sholáthar le haghaidh malartú faisnéise agus tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla i réimse an chúnaimh riaracháin fhrithpháirtigh in ábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta.

Léargas 10 - Díriú ar AFIS agus IMS

Is scáth- théarma é **AFIS** do shraith feidhmchlár TF frith- chalaoise arna n- oibriú ag OLAF ag úsáid bonneagar teicniúil coiteann, a bhfuil sé d'aidhm aige **malartú tráthúil agus slán faisnéise faoi chalaois** idir riaracháin inniúla náisiúnta agus an Aontais, chomh maith le sonraí ábhartha a stóráil agus a anailísiú. Tá breis agus 8 500 úsáideoir deiridh cláraithe ag tairseach AFIS i mbeagnach 1 400 seirbhís inniúil ó Bhallstáit, ó thríú tíortha comhpháirtíochta, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ón gCoimisiún agus ó institiúidí eile an Aontais. Is mar gheall air sin is féidir barainneachtaí scála agus sineirgí substaintiúla chun sraith chomh leathan agus chomh héagsúil sin de sheirbhísí agus d'uirlisí TF a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú.

Tacaíonn AFIS le **cúnaimh frithpháirteach i gcustaim** le huirlisí comhair amhail **VOCU** (Aonad Comhordúcháin Oibríochtaí Fíorúla) le haghaidh **comhoibríochtaí custaim**, ríomhphost slán (Post AFIS) agus modúil shonracha malartaithe faisnéise. Soláthraíonn sé tacaíocht freisin trí bhunachair sonraí amhail CIS (an Córas Faisnéise Custaim) agus FIDE (Bunachar Sonraí Aitheantais Comhaid Imscrúdaithe Custaim), an t- eolaire Teachtaireachtaí Stádais Coimeádán (CSM) agus an t- eolaire Allmhairithe, Onnmhairithe agus Idirthurais (IET); agus cuireann sé tacaíocht ar fáil trí uirlisí anailísíochta sonraí amhail AMT (Uirlis Faireacháin Uathoibríthe) agus feidhmchláir leictreonacha sreafa oibre amhail ToSMA (Feidhmchlár Bainistíochta Urghabhálacha Tobac). Tá tuilleadh forbairtí ar siúl maidir le bunú ardán anailísigh in AFIS chun tacú le hanailís straitéiseach agus oibríochtúil.

⁵⁷ Chun tuilleadh eolais a fháil féach “Forbhreathnú bliantúil le faisnéis ar thorthaí chlár frithchalaoise an Aontais in 2021” a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Is é an príomhbhunús dlí le haghaidh oibriú an ardáin AFIS é Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle maidir le cúnaimh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirtear an dlí i bhfeidhm i gceart maidir le hábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta⁵⁸.

Is feidhmchlár é **IMS** ar ardán AFIS a éascaíonn **tuairisciú neamhrialtachtaí agus calaoise** a bhraitear ag údaráis náisiúnta i réimse na bainistíochta comhroinnte agus an réamhaontachais i gcomhréir le rialacháin earnála agus comhaontuithe maoiniúcháin. In 2021, coimisiúnaíodh staidéar chun feabhsuithe féideartha ar an gcóras a shainaithint bunaithe ar riachtanais úsáideoirí agus páirtithe leasmhara, agus chun féachaint an bhféadfaí feabhas a chur ar idir- inoibritheacht le córais TF frith- chalaoise eile de chuid an Choimisiúin, amhail Arachne agus EDES⁵⁹.

4.2.3. Comhar i réimse an ioncain

4.2.3.1. An clár custaim

Cé nach dtugann an **clár custaim** (Rialachán (AE) 2021/444) aghaidh go díreach ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, is comhpháirtí tábhachtach é i gcosaint leasanna airgeadais agus eacnamaíochta an Aontais agus na mBallstát. Mar cholún den chlár, tá ról fíor- riachtanach ag a **chórais TF** in éascú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise agus sonraí, lena n- áirítear faisnéis riosca, idir na Ballstáit, mar sin ag tacú le bailiú na ndleachtanna éagsúla (e.g. dleachtanna custaim, CBL agus dleachtanna máil ar allmhairí). Tacaíonn an clár freisin le **gníomhaíochtaí comhair**, lena n- áirítear grúpaí tionscadail, líonraí saeolaithe, ceardlanna agus gníomhaíochtaí oiliúna agus tacaíocht forbartha inniúlachtaí daonna eile, a chuireann ar a gcumas d'údaráis na mBallstát dea- chleachtas a chomhroinnt agus feabhas a chur ar rialuithe custaim agus ar bhailiú dleachtanna. Ina theannta sin, ba cheart go dtacódh an Ionstraim nuabhunaithe le haghaidh Tacaíocht Airgeadais um Threalamh Rialaithe Custaim (Rialachán (AE) 2021/1077), atá beartaithe le húsáid ag gach cineál teorainneacha, leis an aontas custaim agus le hobair na n- údarás custaim, go háirithe trí chuidiú a thabhairt dóibh chun leasanna airgeadais agus eacnamaíochta an Aontais a chosaint, chun slándáil agus sábháilteacht a áirithiú san Aontas agus chun é a chosaint ar thrádáil éagórach agus neamhdhleathach, amhail góchumadh earraí, agus gníomhaíocht ghnó dhlísteanach á éascú.

4.2.3.2. Clár Fiscalis

Cuimsítear le **clár Fiscalis** (Rialachán (AE) 2021/847) raon leathan gníomhaíochtaí chun tacú le comhar idir údaráis chánach na mBallstát chun leasanna airgeadais agus eacnamaíochta an Aontais agus a chuid Ballstát a chosaint, lena n- áirítear iad a chosaint ó chalaois cánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach. Cuireann clár Fiscalis deiseanna ar fáil freisin d'údaráis náisiúnta dul i gcomhar trí **chórais TF a úsáid, trí gníomhaíochtaí comhoibríocha agus trí gníomhaíochtaí forbartha inniúlachta**.

⁵⁸ Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnaimh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirtear an dlí i bhfeidhm i gceart maidir le hábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

⁵⁹ Le haghaidh tuairisc ar an gcóras, féach Roinn 7.2.

4.2.3.3. Comhoibríochtaí custaim (JConna)

Is gníomhaíochtaí spriodhírithé lena mbaineann tréimhse theoranta iad comhoibríochtaí custaim (JCO) chun calaois agus smuigleáil earraí íogaire i limistéir shonracha atá i mbaol agus/nó ar bhealaí trádála sainaitheanta a chomhrac.

I dteannta imscrúduithe dá chuid ar chásanna calaoise ioncaim agus góchumtha, comhordaíonn OLAF JConna mórscaála a bhaineann le comhpháirtithe oibríochtúla an Aontais agus idirnáisiúnta. Cuirtear an tacaíocht a sholáthraíonn OLAF in oiriúint do gach JCO agus féadfaidh úsáid a bhonneagair theicniúil bhuain, uirlisí cumarsáide agus TF, go háirithe VOCU le haghaidh malartú slán faisnéise, chomh maith le hanailís straitéiseach, tacaíocht riaracháin agus airgeadais a áireamh. In 2021, d'eagraigh nó chomheagraigh OLAF dhá oibríocht maidir le haghaidhmhaisc agus táirgí tobac, agus bhí baint aige le roinnt oibríochtaí arna dtionscnamh ag na Ballstáit, Europol, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX) nó WCO.

Tábla 2 - JConna in 2021

Oibriú	Tuairisc
S'CARE FACE	Arna eagrú ag OLAF, i ndlúthchomhar le hArd- Stiúirthóireachtaí eile (Ard- Stiúirthóireachtaí TAXUD, GROW, SANTE agus JUST) chun feabhas a chur ar eolas ar fud an Aontais maidir leis an bpróiseas chun aghaidhmhaisc a cheadú isteach san Aontas. Bhí S'CARE FACE i bhfeidhm idir Eanáir agus Márta 2021. Le linn na hoibríochta, chuir na Ballstáit rannpháirteacha cosc ar 49 milliún aghaidhmhaisc góchumtha nó faoi bhun an chaighdeáin ó theacht isteach i margadh an Aontais.
SCORPION II	Arna chomheagrú ag Mísean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh go dtí an Mholdóiv agus an Úcráin (EUBAM) agus OLAF, bhí urghabháil 8.5 milliún toitín mar gheall ar an JCO seo, a dhírigh ar smuigleáil táirgí tobac ag teorainn thoir an Aontais.
POSTBOX III	Arna chomheagrú ag custaim na hIodáile agus <i>Guardia di Finanza</i> le tacaíocht ó OLAF, comhar idir Europol agus rannpháirtíocht 20 Ballstát. Dhírigh an oibríocht ar thrádáil neamhdhleathach táirgí góchumtha, táirgí cógaisíochta agus earraí a bhaineann le COVID- 19, drugaí, speicis ainmhithe agus plandaí i mbaol, agus gearrluacháil earraí ag úsáid an ghréasáin oscailte agus dhorcha araon. Mar thoradh ar an oibríocht coimeádadh breis agus 1 400 lastas earraí aindleathacha, lena n- áirítear breis agus 35 000 píosa earraí góchumtha, nótaí bainc góchumtha dar luach thart ar EUR 240 000, breis agus 1 500 ítim d'ábhair a bhaineann le COVID- 19, 240 kg de thoitíní agus tobac smuigleáilte agus breis agus 20 kg de channabas agus fíorchnáib.
ATHENA V	Maidir le smuigleáil airgid san Aontas ag úsáid seirbhísí cúiréara, poist agus beartán. Chomhordaigh údarás custaim na Spáinne an oibríocht sin le tacaíocht ó OLAF agus rannpháirtíocht 13 Bhallstát agus Europol. Rialaíodh níos mó ná 14 000 pacáiste le linn na hoibríochta. Tá meastóireacht ar na torthaí fós ar siúl.
ARKTOS 3	Gníomhaíocht chomhpháirteach arna stiúradh ag FRONTEX, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, agus arna comhstiúradh ag an Liotuáin agus ag an bPolainn le tacaíocht ó INTERPOL, OLAF, Eurojust agus Europol chomh maith le gardaí teorann, póilíní agus oifigigh chustaim ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Laitvia, ón tSlóvaic agus ón tSualainn. Dhírigh sé ar chalaos mháil, go háirithe smuigleáil tobac, calaois doiciméad agus smuigleáil imirceach ag pointí trasnaithe teorann roghnaithe ag teorainneacha talún thoir an Aontais. De thoradh ar an ngníomh, bhraith údarásí forfheidhmíthe dlí níos mó ná 400 táirge tobac nuálach, amhail toitíní leictreonacha agus leachtanna toitíní leictreonacha. I measc na n- earraí neamhdhleathacha a urghabhadh bhí 6.7 milliún toitín neamhdhleathach agus 2.6 tonna de thobac amh, chomh maith le leath- thona de dhrugaí neamhdhleathacha. Gabhadh cúig smuigléir déag, agus braitheadh níos mó ná 200 doiciméad brionnaithe.

Oibríú	Tuairisc
Gníomhaíocht Chomhpháirteach CELBET 8	Arna heagrú ag Foireann Saineolaíthe Teorann Talún an Oirthir agus an Oirdheiscirt (CELBET) le tacaíocht ó OLAF. Dhírigh sé ar rialuithe airgid, agus ar bhrath toítíní neamhdhleathacha agus táirgí tobac eile chomh maith le páirteanna góchumtha feithiclí, éadaí, bróga agus cosmaidí a thagann isteach san Aontas trína theorainn thoir.
STOP II	Arna eagrú ag an WCO, ba í seo an oibríocht dhomhanda faoi stiúir custaim ba mhó riamh a raibh baint ag 146 údarás custaim Ballstáit léi, le tacaíocht ó Europol, INTERPOL, Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), in éineacht le cuideachtaí cógaisíochta agus gníomhaithe eile san earnáil phríobháideach. Ba í sprioc na hoibríochta ná trádáil aindleathach i gcógais, vacsaíní agus feistí leighis a bhaineann le COVID- 19. De thoradh air urghabháil 365.7 milliún aonad, a bhain 195.5 milliún leigheas le COVID- 19, 156.7 milliún feiste leighis (amhail fearais tástála COVID- 19, aghaidhmhaisc, lámhainní caite, glóthach díghalráin agus sorcóirí ocsaigine) agus thart ar 13.5 milliún dáileog de vacsaíní COVID- 19.
LUDUS II	Arna heagrú ag Europol le rannpháirtíocht OLAF, Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), an WCO agus 21 thír. De thoradh air sin, urghabhadh breis agus 5 mhilliún bréagán falsa agus neamhdhleathach, arbh fhiú EUR 18 milliún iad. Bhí rioscaí ag baint leis na hearraí urghabhála amhail nochtadh do cheimiceáin, tachtadh, turraing leictreach, damaíste don éisteacht agus contúirtí dóiteáin.
OPSON X	Oibríocht chomhpháirteach Europol/INTERPOL a dhíríonn ar bhia agus ar dheochanna bréige agus faoi bhun an chaighdeáin. Bhí OLAF i gceannas ar ghníomhaíocht spriocdhírthe maidir le fion agus deochanna alcólacha agus chomhordaigh sé obair 19 mBallstát agus 3 thír nach Ballstáit den Aontas iad. De thoradh ar an ngníomh sin urghabhadh beagnach 1.8 milliún lítear fiona agus de dheochanna alcólacha ag údaráis chustaim agus phóilíneachta na hEorpa: 215 000 lítear de dheochanna alcólacha góchumtha, fion agus vodca den chuid is mó; agus 1 550 000 lítear de dheochanna alcólacha, fionta agus beoracha éagsúla, a sháraíonn rialacha fíoscacha nó caighdeáin sábháilteachta bia.
SHIELD II	Arna eagrú ag Europol. Bhí OLAF i gceannas ar ghníomhaíocht spriocdhírthe le 17 mBallstát in aghaidh substaintí góchumtha agus hormónacha, forlíontaí bia agus leigheasanna le haghaidh mífheidhmiú ardúcháin, ag stopadh 254 731 táibléad agus 131 027 fial de chógais leighis éagsúla agus 278 kg d'fhorlíontaí bia san iomlán ó theacht isteach san Aontas.
DEMETER VII	Arna comhordú ag an WCO chun dul i ngleic le gáinneáil aindleathach ar dhramhaíl, substaintí ídithe ózóin (ODS) agus hidreafluoracarbóin (HFCanna). Ghlac 102 gníomhaireacht forfheidhmithe dlí rannpháirt san oibríocht seo. Ba é ról OLAF idirchaidreamh a dhéanamh idir tíortha an Aontais agus tíortha nach Ballstáit den Aontas iad chun faisnéis a fháil, as ar braitheadh agus ar urghabhadh breis agus 4 000 tonna dramhaíola (e.g. ítimí leictreonacha úsáidte, ceallraí dramhaíola, feithiclí athláimhe, meaisíní priontála), agus 493 ítim ODS agus HFCanna.
SILVER AXE VI	Oibríocht bhliantúil faoi stiúir Europol. Ghlac OLAF rannpháirt trí shaineolas a sholáthar maidir le lastais amhrasacha a shainaithint agus a rianú. Urghabhadh breis agus 1 200 tonna de lotnaidicídí neamhdhleathacha san oibríocht, a raibh baint ag 35 thír dhifriúla léi. De thoradh air sin, urghabhadh táirgí neamhdhleathacha agus góchumtha arbh fhiú EUR 80 milliún iad. Chomhroinn OLAF faisnéis oibríochtúil le húdaráis chustaim na mBallstát agus na Síne, na hÚcráine, na Rúise agus na Colóime. Rinne sé rianú ar lastais amhrasacha lotnaidicídí neamhdhleathacha, as ar urghabhadh thart ar 39 dtonna díobh san iomlán mar thoradh air sin.

5. PRÍOMHBHEARTA CHUN LEASANNA AIRGEADAIS AN AONTAIS A CHOSAINN AGUS CHUN CALAOIS A CHOMHRAC

5.1. Trasú na Treorach PIF

Tháinig Treoir (AE) 2017/1371 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithin an dlí choiriúil (Treoir CLA) i bhfeidhm an 5 Iúil 2017. Chuaigh an sprioc- am chun an Treoir a thrasú sa dlí náisiúnta in éag an 6 Iúil 2019.

D'fhoilsigh an Coimisiún an chéad cheann de thrí **tuarascáil ar thrasú na Treorach**, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 18 di, an 6 Meán Fómhair 2021. Tagtar ar an gconclúid sa tuarascáil, cé gur thrasuigh na Ballstáit uile an Treoir, **tá gá le gníomhaíocht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna comhlíontachta atá fós gan réiteach**. Cuireann sé i dtábhacht gur gá sainmhínte, smachtbhannaí, rialacha dlínse, agus tréimhsí teorann le haghaidh calaoise agus cionta eile Treorach CLA a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a thrasú go cuí chun é a chur ar a chumas do OIPE imscrúduithe agus ionchúisimh éifeachtacha a dhéanamh. Cuireann an tuarascáil i dtábhacht freisin go bhfuil comhar idir EPPO agus na Ballstáit rithábhachtach.

I mí na Nollag 2021, chinn an Coimisiún **imeachtaí um shárú** a oscailt in aghaidh ocht mBallstát⁶⁰ as gan Treoir CLA a thrasú i gceart. I mí Feabhra 2022, d'oscail an Coimisiún imeachtaí um shárú in aghaidh chúig Bhallstát eile⁶¹. I mí na Bealtaine 2022, d'oscail an Coimisiún imeachtaí um shárú in aghaidh cheithre Bhallstát eile⁶².

Leanfaidh an Coimisiún de na céimeanna uile is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar an Treoir CLA a thrasú i gceart agus go cuimsitheach, le himeachtaí um shárú breise, más gá.

Tá an dara tuarascáil trasú maidir leis an Treoir CLA á hullmhú ag an gCoimisiún, le foilsiú sa tríú ráithe de 2022. Díreoidh an tuarascáil seo ar oiriúnacht na tairsí CBL EUR 10 milliún agus ar éifeachtacht fhorálacha na Treorach i réimse na calaoise soláthair phoiblí agus na dtréimhsí teorann.

5.2. Frithsciúradh airgid

D'fhéadfadh coireanna eile **tarlú i ndiaidh** calaoise in aghaidh bhuiséad an Aontais freisin (i.e. féadfadh sí a bheith ina coir phreideacaíde). Dá réir sin, fiú mura bhfuil baint dhíreach aige le cosaint bhuiséad an Aontais, tá creat dlíthiúil an Aontais maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta ábhartha sa chomhthéacs seo.

Thuairiscigh na Ballstáit uile trasú iomlán an chúigiú treoir um fhithsciúradh airgid⁶³ maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc⁶⁴.

⁶⁰ An Chróit, an Fhionlainn, an Ghréig, an Laitvia, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Rómáin agus an Spáinn.

⁶¹ An Bheilg, an Chipir, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an tSualainn.

⁶² An Eastóin, an Ungáir, Málta agus an Ísiltír.

⁶³ Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 156, 19.6.2018, lgh. 43- 74.

⁶⁴ https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/banking-and-finance/financial-supervision-and-risk-management/anti-money-laundering-and-counter-terrorist-financing_en#eu

5.3. An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

Tháinig an **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** (RRF) i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Maoiníonn RRF athchóirithe agus infheistíochtaí sna Ballstáit ó thús na paindéime i mí Feabhra 2020 go dtí an 31 Nollaig 2026. Chun tairbhiú den RRF, ní mór do na Ballstáit a **bpleananna náisiúnta gnóthaithe agus athléimneachta** a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Leagtar amach i ngach plean na hathchóirithe agus infheistíochtaí atá le cur chun feidhme faoi dheireadh 2026, a thugann deis do na Ballstáit maoiniú a fháil suas le leithdháileadh arna chomhaontú roimh ré.

Ba cheart go dtabharfadh gach plean aghaidh ar na dúshláin arna sainaitheint sa Seimeastar Eorpach⁶⁵, go háirithe na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith⁶⁶ in 2019 agus 2020 arna nglacadh ag an gComhairle. Ba cheart dó freisin na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn agus geilleagair agus sochaithe na mBallstát a dhéanamh níos athléimní. Ní mór d'infheistíochtaí an prionsabal Gan dochar suntasach a dhéanamh a chomhlíonadh⁶⁷.

Is **ionstraim feidhmíocht- bhunaithe** é RRF. Trí gharspriocanna agus spriocanna comhaontaithe a chomhlíonadh i dtreo na n- athchóirithe agus na n- infheistíochtaí sna pleananna a bhaint amach, cumasaítear deontais agus iasachtaí a eisíocadh leis an mBallstát.

Ceanglaítear le Rialachán RRF⁶⁸ go nglacfaidh na Ballstáit gach beart is iomchuí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an **úsáid a bhainfead as na cistí dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme**. Chuige sin, soláthróidh an Ballstát córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, agus déanfaidh siad méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil. Leis **an tsamhail seachadta nua** seo, tugtar freagracht mhór do na Ballstáit chun a áirithiú go ndéantar na hacmhainní sin a chosaint ar chalaouis, ar éilliú, ar choinbheacht leasa (a shainmhínítear mar “neamhrialtachtaí tromchúiseacha”) agus ar chistiú dúbailte.


⁶⁵ https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/economic-and-fiscal-policy-coordination/eu-economic-governance-monitoring-prevention-correction/european-semester_ga

⁶⁶ https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/economic-and-fiscal-policy-coordination/eu-economic-governance-monitoring-prevention-correction/european-semester/european-semester-timeline/spring-package_en

⁶⁷ Níor cheart go mbeadh cuspóirí gan dochar suntasach a dhéanamh mar thoradh ar aon bheart a áirítear in RRF, mar a shainmhínítear le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir leis an Tacsanomaíocht.

⁶⁸ Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17- 75).

Fíor 4 - Próiseas measúnaithe na bpleananna náisiúnta



Dá bhrí sin tá **roinnt rialaithe agus iniúchta** i ngach plean ina dtugann na Ballstáit tuairisc ar na bearta (lena n-áirítear bearta frith-chalaoise) a chuirfidh siad chun feidhme agus ina sainnithneofar **garspriocanna agus spriocanna sonracha** chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar neamhrialtachtaí tromchúiseacha agus ar chistiú dúbailte. Ní féidir leis an gCoimisiún measúnú deimhneach a dhéanamh ar phlean ach amháin má thugann sé rátáil dheimhneach ar a chórais rialaithe. Mar sheirbhís de chuid an Choimisiúin, rannchuidigh OLAF le measúnú an Choimisiúin ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát, trí **chomhairle spriocdhírthe frith-chalaoise** a sholáthar. Tá comhar ar siúl le húdaráis náisiúnta chun tuairimí a mhalartú agus chun scaipeadh dea-chleachtas agus eispéireas a éascú (amhail uirlisí TF a úsáid - féach freisin **Roinn 4.2.1**).

Léargas 11 - Oibríocht SENTINEL

I mí Mheán Fómhair 2021, chuaigh Europol, OLAF, OIPE, Eurojust agus 21 Bhallstát i gcomhar le chéile mar chuid de **Oibríocht SENTINEL** chun an rabharta calaoise lena raibh coinne a dhéanfadh difear do na cistí téarnaimh a réamh-mheas. Chuige sin, bhunaigh Europol sásra inmheánach tiomnaithe chun sonraí oibríochtúla a phróiseáil, chun cuidiú le malartuithe faisnéise agus chun tacú le cásanna leanúnacha. Díriodh na gníomhaíochtaí comhphárteacha ar chalaois, chomh maith le himghabháil cánach, calaois chánach, éilliú, cúbláil, míleithreasú agus sciúradh airgid. D’eisigh Europol agus OLAF Comhthuarascáil - “Measúnú a dhéanamh ar na Bagairtí ar Chiste Next Generation EU (NGEU)” - i mí Feabhra 2022.

I measc oibleagáidí na mBallstát i ndáil le bearta chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, tá bailiú sonraí maidir le tairbhíthe, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla le feiceáil go ríshoiléir. Chuir an Coimisiún Arachne ar fáil do na Ballstáit lena úsáid i ndáil le RRF.

Glacadh 22 phlean náisiúnta faoi dheireadh 2021. Glacadh 25 faoin 31 Iúil 2022⁶⁹.

⁶⁹ Níor ghlac an Ungáir agus an Ísiltír plean fós.

5.4. Sceithirí a chosaint

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha agus mí-úsáid dlí tarlú in aon eagraíocht, cé acu eagraíocht phríobháideach nó phoiblí, mhór nó bheag a bheadh inti. Is féidir leo a bheith ann i gcruithanna éagsúla, amhail éilliú, calaois, míchleachtas gnólachtaí nó faillí. Mura dtugtar aghaidh orthu, féadfaidh gníomhaíochtaí den sórt sin dochar suntasach a dhéanamh do leas an phobail. Is minic a bhíonn daoine a oibríonn d'eagraíocht nó a bhíonn i dteagmháil léi ina ngníomhaíochtaí a bhaineann le hobair ar na chéad daoine le fios a bheith acu ar tharluithe den sórt sin agus, dá bhrí sin, bíonn stádas iontach acu dóibh siúd ar féidir leo dul i ngleic leis an bhfadhb a chur ar an eolas faoi.

Sceithirí, i.e. daoine a thuairiscíonn (san eagraíocht lena mbaineann nó d'údarás seachtrach) nó a nochtann faisnéis maidir le héagóir a fuarthas i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair (don phobal), a chuidíonn le **damáiste a chosc agus bagairt nó díobháil a bhrath** do leas an phobail a d'fhéadfadh nach dtabharfaí aird orthu murach sin.

Ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, áfach, tá cosaint sceithirí míchothrom agus ilroinnte. Mar thoradh air sin is minic a dhíspreagtar sceithirí gan a n-ábhair inmí a thuairisciú ar eagla na frithbheartaíochta.

Leis an Treoir maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais, arna glacadh an 23 Deireadh Fómhair 2019, tugadh go dtí an 17 Nollaig 2021 do na Ballstáit í a thrasú sa dlí náisiúnta. Clúdaítear léi go leor príomhréimsí de dhlí an Aontais, amhail frithsciúradh airgid, cosaint sonraí, cosaint leasanna airgeadais an Aontais, sábháilteacht bia agus táirgí, sláinte phoiblí, cosaint an chomhshaoil agus sábháilteacht núicléach.

Faoi dheireadh 2021 ní raibh reachtaíocht shonrach glactha ach ag cúig Bhallstát⁷⁰. Faoi mhí an Mheithimh 2022, rinne ceithre Bhallstát⁷¹ eile amhlaidh. Níl ach Ballstát amháin⁷² nár cuireadh tús le haon nós imeachta fós. Leathnaigh trí Bhallstát⁷³ raon feidhme na Treorach fiú.

Faoin 17 Nollaig 2023, ní mór don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoin gComhairle ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm na Treorach.

5.5. Bosca uirlisí maidir leis an Smacht Reachta

Mar chuid den **bhosca uirlisí maidir leis an Smacht Reachta**, mar a thugtar air, d'fhorbair an Coimisiún roinnt ionstraimí chun freagairt do dhúshlán éagsúla a bhaineann leis an smacht reachta.

Áirítear leis sin **Sásra Eorpach an Smachta Reachta**, a bhfuil an **Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta** ina lár. Tá sé d'aidhm aige **feasacht agus tuiscint níos láidre a fhorbairt ar fhorbairtí** sna Ballstáit, chun a bheith in ann dúshlán i leith an smachta reachta a shainaithint, réitigh fhéideartha a fhorbairt, agus díriú ar thacaíocht go luath. Soláthraíonn an Sásra próiseas le haghaidh **idirphlé bliantúil** idir an Coimisiún, an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa in éineacht leis na Ballstáit chomh maith le parlaimintí náisiúnta, an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara eile maidir leis an smacht reachta freisin.

⁷⁰ An Danmhairg, an Liotuáin, Málta, an Phortaingéil agus an tSualainn.

⁷¹ An Chróit, an Chipir, an Fhrainc agus an Laitvia.

⁷² An Ungáir.

⁷³ An Danmhairg, an Fhrainc agus an Laitvia.

5.5.1. Tuarascáil maidir leis an smacht reachta - príomhthorthaí agus buaicphointí i ndáil le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

Cuirtear i láthair sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta 2021⁷⁴, lena n-áirítear na 27 gcaibidil maidir leis na tíortha, forbairtí dearfacha agus diúltacha, le linn na tréimhse Iúil 2020 go Meitheamh 2021, ar fud na mBallstát i gceithre phríomhréimse maidir leis an smacht reachta: an córas ceartais, an creat frithéillithe, iolrachas na meán agus saoirse na meán agus saincheisteanna institiúideacha eile a bhaineann le srianta agus ceartúcháin. Féadfaidh saincheisteanna a bhaineann leis an gcóras ceartais nó leis an gcreat frithéillithe tionchar suntasach a bheith acu ar an gcaoi a ndéantar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i mBallstát ar leith.

Cumhdaíonn an tríú tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, arna glacadh i mí Iúil 2022⁷⁵, an tréimhse idir Iúil 2021 agus Meitheamh 2022 agus áirítear leis den chéad uair moltaí sonracha do na Ballstáit uile, mar a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ar Staid an Aontais Eorpaigh 2021. I gcomhréir le cineál coisctheach na tuarascála, is é is cuspóir do na moltaí tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí athchóirithe leanúnacha nó atá beartaithe a thógáil ar aghaidh, forbairtí dearfacha a spreagadh, agus cuidiú leo réimsí inar ghá feabhsuithe nó bearta leantacha ar athruithe nó ar athchóirithe le déanaí a shainaithint, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shistéamacha i gcásanna áirithe freisin.

5.5.2. Dul chun cinn maidir le cur chun feidhme rialachán an Aontais maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint

Tá sé mar aidhm ag Rialachán (AE, EURATOM) 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta a dhéanann difear dá bhainistíocht fhónta airgeadais, nó sáruithe lena mbaineann baol tromchúiseach go ndéanfaidh siad difear don bhainistíocht sin, nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach díreach leormhaith.

An 2 Márta 2022, ghlac an Coimisiún treoir⁷⁶ ag míniú conas a chuirfidh sé an rialachán i bhfeidhm, lena n-áirítear conas a chosnófar cearta fhaighteoírí deiridh agus cearta thairbhíthe cistiúcháin an Aontais (féach **Roinn 7**).

Thionscain an Coimisiún nós imeachta amháin faoin Rialachán Coinníollachta.

5.6. Beartas frithéillithe

In 2021, lean an Coimisiún de thacaíocht theicniúil a sholáthar do Bhallstáit i réimse an fhrithéillithe agus an ionracais strína chláir, eadhon an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach agus An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil nuabhunaithe. D'éascaigh an tacaíocht theicniúil athbhreithniú ar nósanna imeachta chun breithiúna agus ionchúisitheoirí a roghnú agus a bhreithmheas, agus bearta frithéillithe in oideachas a fhorfheidhmiú, in ábhair comhshaoil agus spóirt. Fuair roinnt údarás náisiúnta tacaíocht chun sásraí faireacháin a bhunú dá bplean náisiúnta frithéillithe, chun a rialacha a athbhreithniú chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú, chun maoirseacht ar chaiteachas poiblí a áirithiú nó chun ullmhacht chun dul isteach i gCoinbhinsiún Frithbhreabaireachta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) a léiriú.

⁷⁴ COM(2021) 700 final an 20.07.2021.

⁷⁵ COMM(2022) 500 final an 13.07.2022

⁷⁶ COM(2022) 1382 final an 2.3.2022.

Eagraíonn an Coimisiún **ceardlanna frithéillithe comhroinnte taithí** ar fud an Aontais. An 13 Nollaig 2021, thug an 14ú Ceardlann Comhroinnte Taithí ionadaithe ó Bhallstáit an Aontais, ón gCoimisiún Eorpach, ó Europol agus ón lucht léinn le chéile chun téama na hathléimneachta frithéillithe le linn géarchéimeanna a phlé. Tacaíonn an Coimisiún le **tionscadail freisin atá dírithe ar ionracas a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar éilliú** i mBallstáit an Aontais, i measc tíortha eile. In 2021, bhí tionscadail frithéillithe á gcistiú faoi Phóilíní an Chiste Slándála Inmheánaí (ISFP) 2014- 2020 agus áirítear leo, i measc nithe eile, tionscadal C.O.R.E. a bhfuil sé mar aidhm aige níos imeachta in- mhacasamhlaithe a fhorbairt agus a bhailíochtú chun riosca éillithe a ríomh i soláthar poiblí le linn na paindéime, bunaithe ar bhailíochán agus tras- phróiseáil sonraí soláthair poiblí. Tá sé mar aidhm ag an nós imeachta brathadóireacht níos luaithe riosca éillithe a fheabhsú agus bonn fianaise níos láidre le haghaidh athchóiriú beartais a chothú, trí fhreastal go príomha ar údaráis frithéillithe agus ar ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, ach ar iriseoirí agus ar an bpobal i gcoitinne freisin maidir le cuspóirí cuntasachta.

Spregann an Coimisiún na Ballstáit freisin **straitéisí náisiúnta frithéillithe** a ghlacadh, mar go n- áiríthítear leo an méid seo a leanas:

- aistrítear gealltanais pholaitiúla ina ngníomhaíochtaí coincreíteacha;
- tugtar aghaidh ar bhearnaí reachtacha nó institiúideacha ar bhealach comhleanúnach, cuimsitheach agus comhordaithe; agus
- cuirtear iarrachtaí frithéillithe in oiriúint do thimpeallacht a bhfuil forbairtí ag teacht uirthi.

6. TORTHAÍ NA nGNÍOMHAÍOCHTAÍ RIALAITHE

6.1. Foinsí sonraí agus modheolaíocht

Tá an roinn seo bunaithe go príomha ar shonraí arna dtuairisciú ag Ballstáit i réimsí na n- acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) agus na bainistíochta comhroinnte agus arna dtuairisciú ag tíortha is iarrthóirí i réimse an réamhaontachais. Baintear sonraí a bhaineann le caiteachas díreach (**Roinn 6.1.2**) ó chóras cuntasaióchta inmheánach an Choimisiúin. Sonraítear le **Bosca 2** na coinníollacha faoina mbíonn tuairisciú ó Bhallstáit ar siúl agus conas a úsáidtear iad sa roinn seo.

Bosca 2: Tuairisciú ar neamhrialtachtaí ag na Ballstáit

Sonraítear le rialacháin earnála maidir le ADT agus cistí atá faoi bhainistíocht chomhroinnte roinnt coinníollacha faoi nach mór do na Ballstáit neamhrialtachtaí a bhraitear sna réimsí sin a thuairisciú.

Úsáideann siad dhá chóras TF chun neamhrialtachtaí a thuairisciú: OWNRES i réimse ADT agus IMS i réimse bainistíocht chomhroinnte agus réamhaontachais.

I ndáil le ADT, ní mór do na Ballstáit neamhrialtachtaí agus calaois bhraite a bhaineann le níos mó ná EUR 10 000 a thuairisciú agus a shonrú ina dtuairisciú cé acu a bhaineann an cás braite le hionpraíocht chalaioiseach nó nach mbaineann.

I ndáil le bainistíocht chomhroinnte, tá feidhm ag an tairseach airgeadais chéanna agus ní mór do na Ballstáit aicmiú a sholáthar ar an neamhrialtacht thuairiscithe, lena léireofar cibé acu atá an cás ina chalaiois amhrasta, ina chalaiois bhunaithe nó ina neamhrialtacht shimplí (riaracháin). Féadfaidh na Ballstáit na neamhrialtachtaí thuairiscithe a thabhairt cothrom le dáta tráth ar bith, agus a n- aicmiú a mhodhnú freisin. I gcás neamhrialtacht shimplí, beidh feidhm ag maoluithe breise agus ní gá do na Ballstáit cásanna a thuairisciú:

- (1) cásanna nach mbeidh sa neamhrialtacht sin ach mainneachtain oibríocht a chur i gcrích, ina hiomláine nó go páirteach, arb oibríocht í atá san áireamh sa chlár oibríochtúil cómhaoinithe de bharr fhéimheacht an tairbhí;
- (2) cásanna ina dtarraingeoidh an tairbhí aird an údaráis bhainistíochta nó an údaráis deimhniúcháin orthu go deonach agus roimh é a bhrath ag ceachtar de na húdaráis, cibé acu roimh an ranníocaíocht phoiblí a íoc nó ina dhiaidh sin;
- (3) cásanna a bhraitheann nó a cheartaíonn an t-údarás bainistíochta nó an t-údarás deimhniúcháin roimh an gcaiteachas lena mbaineann a chur i ráiteas caiteachais arna chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Úsáidtear dhá chatagóir leathana sa tuarascáil seo do chásanna arna dtuairisciú ag na Ballstáit: **neamhrialtachtaí calaoiseacha** agus **neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha**.

Is iad neamhrialtachtaí calaoiseacha iad siúd ar sholáthair na Ballstáit aicmiú **calaoise** ina leith in ADT nó **calaois amhrasta** nó **calaois bhunaithe** i ndáil le bainistíocht chomhroinnte agus réamhaontachas.

Tagraítear do na cásanna eile mar **neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha**.

Tuairiscíodh 11 218 neamhrialtacht san iomlán, lenar bhain thart ar EUR 3.24 billiún in 2021. I dtéarmaí líon na neamhrialtachtaí tuairiscithe tá an staid cobhsaí i gcomparáid le 2020, le laghdú beag de thart ar 5 %. Is ionann na méideanna ábhartha agus méadú suntasach i gcomparáid leis an mbliain roimhe, áfach, mar mhéadaigh siad níos mó ná faoi dhó (+121 %).

Soláthraíonn **Bosca 3** nóta gearr modheolaíochta ar conas na sonraí seo a léirmhíniú agus iad siúd a fhoilsítear sna ranna seo a leanas.

Bosca 3: Nóta modheolaíochta

Tá tuairisciú neamhrialtachtaí faoi réir roinnt teorainneacha.

I ndáil le ADT, braitheann an t- am idir an tráth a dhéantar neamhrialtachtaí agus an tráth a bhraitear iad ar an gcineál rialaithe: ceadaíonn na rialuithe scaoilte go bhféadfar brath láithreach a dhéanamh, agus déantar rialuithe iar- scaoilte laistigh den teorainn ama 3 bliana chun fógra a thabhairt faoi fhiach custaim. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh suas le 3 bliana a ghlacadh idir scaoileadh na n- earraí agus neamhrialtachtaí a bhrath. Is iondúil go mbíonn tuairisciú tar éis an bhraite gearr, i bhfianaise na sprioc- amanna dlíthiúla sonracha.

I ndáil le caiteachas, cé is moite de neamhrialtachtaí calaoiseacha a bhraitear sula mbíonn íocaíocht, *i.e.* cuireadh cosc ar neamhrialtacht calaoise, braitear formhór mór na neamhrialtachtaí tuairiscithe (calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha) le linn rialuithe *ex- post*. Ciallaíonn sé sin go mbíonn bearna ama idir an tráth a dhéantar neamhrialtachtaí agus an tráth a thuairiscítear don Choimisiún iad. Is ionann í seo, idir 2 bhliain go leith agus 3 bliana⁷⁷, ar an meán.

Leanann formhór chaiteachas an Aontais timthriallta ilbhliantúla freisin, le cur chun feidhme ag méadú de réir a chéile go dtí go ndúnfar an clár (go hiondúil n+2 nó n+3 i ndáil le bliain dheireanach an timthrialla, *i.e.* 2022- 2023 maidir leis an gclárthréimhse reatha), lena léirítear blianta freisin a bhfuil buaicpointe ann i dtuairisciú neamhrialtachtaí.

Mar gheall ar na cúiseanna seo ní sholáthraíonn an chomparáid ó bhliain go bliain i dtéarmaí neamhrialtachtaí a thuairisciú léargas iontaofa ar an staid, go háirithe i ndáil le héagsúlachtaí a bhaineann leis an tionchar airgeadais, toisc go bhféadfadh beagán cásanna ardluacha tionchar a imirt air sin.

⁷⁷ Is ionann í seo an bhearna ama a thomhaistear le haghaidh neamhrialtachtaí a thuairiscítear sa bheartas comhtháthaithe. Féach “Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh in 2021”, a ghabhann leis an tuarascáil seo, roinn 4.5.1.

Dá dheasca sin, in éineacht le héagsúlachtaí ó bhliain go bliain, cuireann an tuarascáil seo (agus an doiciméad a ghabhann leis an meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí) peirspictíocht ilbhliantúil i láthair freisin (de réir clárthréimhse don bheartas comhtháthaithe agus réamhaontachais agus 5 bliana do na hearnálacha eile) chun aon saobhadh ar an anailís mar gheall ar na fachtóirí a chuirtear i dtábhacht thuas a mhaolú.

6.2. Ioncam

In 2021, ghlac an Coimisiún togra chun an Rialachán maidir le cur ar fáil⁷⁸ a leasú a bhfuil de chuspóir leis an córas chun acmhainní dílse a chur ar fáil a neartú tuilleadh chun íocaíochtaí tráthrialta agus tráthúla le buiséad an Aontais a áirithiú. Thairis sin, cuireadh straitéis fhorfheidhmithe nua i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm aici freagairt níos tapúla ar rioscaí atá le teacht agus ADT a chosaint níos fearr.

6.2.1. Calaois CBL

Tá sé d'inniúlacht ag OIPE imscrúdú a dhéanamh ar chionta tromchúiseacha in aghaidh an chórais chomhchoitinn CBL. Ba cheart go mbeadh cionta den sórt sin nasctha le críoch dhá Bhallstát nó níos mó ná dhá Bhallstát agus go mbainfeadh damáiste iomlán EUR 10 milliún ar a laghad leo.

In 2021, rinne OIPE imscrúdú ar 91 chás den sórt sin le haghaidh damáistí measta dar luach EUR 2.5 billiún⁷⁹.

6.2.2. Acmhainní dílse traidisiúnta

In 2021, lean paindéim COVID- 19 de bheith ag déanamh difear do shaol gach duine aonair agus gnó san Aontas Eorpach. Cé gur tharla an phaindéim mar éigeandáil in 2020, in 2021 rinneadh talamh slán de, agus tacaíonn na figiúirí leis sin maidir le méideanna allmhairí: tar éis an laghdaithe shuaithe 11.6 % ar allmhairí AE- 27 in 2020, tháinig méadú 23 % ar allmhairí in 2021.

Tábla 3- Ioncam: Neamhrialtachtaí a bhraith agus a thuairiscigh na Ballstáit - ADT - in 2021

Earnáil bhuiséadach	Neamhrialtachtaí calaoiseacha		Neamhrialtachtaí neamhcalaoiseacha		FDR ⁸⁰ %	IDR ⁸¹ %
	Níl	EUR (milliún)	Níl	EUR (milliún)		
Acmhainní dílse traidisiúnta AE- 27	482	157.1	3 506	366.8	0.63 %	1.48 %

⁷⁸ Glacadh Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 an 5 Aibreán 2022.

⁷⁹ Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, Tuarascáil Bhliantúil 2021, lch. 10.

⁸⁰ FDR - Ráta an Bhraite Calaoise: Cóimheas méideanna airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí calaoiseacha ar na hacmhainní dílse iomlána bunaithe agus ar an méid measta.

⁸¹ IDR - Ráta an Bhraite Neamhrialtachta: Cóimheas méideanna airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí neamhcalaoiseacha ar na hacmhainní dílse iomlána bunaithe agus ar an méid measta.

In 2021, bhí líon na neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchhalaoiseacha a bhaineann le ADT (féach **Tábla 3**) cuibheasach cobhsaí, le laghdú de 3 % i gcomparáid leis an meán 5 bliana. Tháinig méadú 1 % ar líon na neamhrialtachtaí calaoiseacha agus tháinig laghdú 4 % ar neamhrialtachtaí neamhchhalaoiseacha. As gach cás calaoiseach agus neamhchhalaoiseach a braitheadh in 2021, aicmíodh 12 % díobh mar chásanna calaoiseacha. Mhéadaigh méid gaolmhar ADT agus ba é an méid ADT is airde a braitheadh le linn na 5 bliana anuas. I gcás neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchhalaoiseacha, tháinig méadú 32 % agus 13 % faoi seach ar mhéid ADT a braitheadh i gcomparáid leis an meán 5 bliana. San iomlán, tháinig méadú 18 % ar mhéid ADT in 2021 os cionn an mheáin le haghaidh 2017- 2021⁸².

Bhí ról lárnach ag seirbhísí frithchhalaoise náisiúnta in éineacht leis na seirbhísí custaim maidir le cásanna calaoiseacha a bhrath in 2021. Ba iad imscrúduithe na seirbhísí frithchhalaoise an bealach ba rathúla chun cásanna calaoiseacha a bhrath agus sháraigh siad rialuithe iarscaoilte agus rialuithe scaoilte chun imghabháil dleachta chhalaoiseach a bhrath. Braitheadh neamhrialtachtaí neamhchhalaoiseacha go príomha trí rialuithe iarscaoilte.

Léargas 12 - ADT: neamhrialtachtaí is minice agus na cineálacha earraí lena mbaineann

Baineann formhór na gcásanna a tuairiscíodh in 2021 mar chinn chhalaoiseacha agus neamhchhalaoiseacha le **gearrluacháil, tionscnamh mícheart** nó **aicmiú mícheart/míthuairisc ar earraí**. Tá **smuigleáil** ar cheann de na príomhchineálacha calaoise fós. Ba iad **teicstílí, innealra leictreach agus trealamh leictreach** na cineálacha earraí ba mhó a rinne calaois agus neamhrialtachtaí difear orthu i líon na gcásanna agus i dtéarmaí airgeadaíochta, agus **táirgí ceimiceacha ilghnéitheacha, coisbheart agus tobac** i dtéarmaí méideanna agus **feithiclí agus plaistigh** i téarmaí líon na gcásanna ina dhiaidh sin. In 2021 ba í an tSín an tír thionscnaimh is mó fós maidir le hearraí a rinne neamhrialtachtaí difear orthu a tuairiscíodh mar earraí calaoiseacha nó neamhchhalaoiseacha.

Maidir le hearraí a bhaineann le COVID- 19, in 2021, breathnaíodh go raibh méadú suntasach ar

ADT: sonraí athrúcháin 2021 i gcomparáid leis an meán 5 bliana 2017- 2021

-3 % líon neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchhalaoiseacha

+32 % méideanna airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí calaoiseacha

+13 % méideanna airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí neamhchhalaoiseacha

na méideanna a tuairiscíodh mar neamhrialtachtaí i gcás earraí amhail **díghalráin agus táirgí steirilithe, éadaí cosanta agus earraí inchaite leighis**. Léiríonn anailís, áfach, gur fhan tionchar na neamhrialtachtaí a dhéanann difear d'earraí a bhaineann le COVID- 19 réasúnta íseal in 2021 (54 % de líon iomlán na neamhrialtachtaí a tuairiscíodh agus 6 % de na méideanna gaolmhara).

In 2021, lean an Coimisiún, a chuariteanna faireacháin agus rialaithe ar an láthair nó go cianda, chun cur i bhfeidhm ceart reachtaíocht custaim agus ADT an Aontais a áirithiú. I gcás ina meastar go bhfuil an comhar agus an dul chun cinn atá déanta maidir le dul i ngleic le fadhbanna gan réiteach neamhleor, tá bearta ceartaitheacha á gcur i bhfeidhm.

Mar a shonraítear i dtuarascáil PIF 2020, tá bearta ceartaitheacha den sórt sin curtha i bhfeidhm cheana féin ag an gCoimisiún in aghaidh na Ríochta Aontaithe i ndáil le teicstílí agus coisbheart

⁸² Le haghaidh anailís iomlán ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh in ADT, féach “Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh le haghaidh 2021”, a ghabhann leis an tuarascáil seo, Roinn 2.

faoi bhun luacha ón tSín⁸³. An 8 Márta 2022, d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais a rialú i gcás C- 213/19⁸⁴ in aghaidh na Ríocht Aontaithe. Tá an Coimisiún i mbun anailíse ar impleachtaí an rialaithe CBAE sin, don Ríocht Aontaithe (e.g. caillteanas ADT a athríomh), agus do na Ballstáit eile.

Léargas 13 - Imchémniú agus ionsú beart cosanta trádála

D'fhan faireachán ar bhearta cosanta trádála atá ann cheana de bheith ina thosaíocht in 2021. Tugadh aird ar leith do na bearta cosanta trádála sin inar braitheadh riosca méadaithe seachanta dleachta, trí chleachtais teacht timpeall⁸⁵, trí laghdú ar an bpraghas onnmhairiúcháin nó trí iompar⁸⁶ an phraghais athdhíola, tar éis bearta frithdhumpála nó bearta frithchúitimh a fhorchur.

In 2021, thionscain an Coimisiún ceithre imscrúdú maidir le himchémniú féideartha ar allmhairí **fabraicí snáithíní gloine**⁸⁷ ón Tuirc agus ó Mharacó tar éis dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh a fhorchur ar na táirgí sin de thionscnamh na Síne agus na hÉigipte in 2020. Rinneadh imscrúdú frith- iompartha amháin freisin ar an táirge céanna, de thionscnamh na hÉigipte. Mar gheall air sin ba iad líon iomlán na n- imscrúduithe sin a tionscnaíodh le 3 bliana anuas ná aon imscrúdú déag agus dhá imscrúdú faoi seach. Ina theannta sin, in 2021, shuigh an Coimisiún go raibh na dleachtanna frithdhumpála a bhí i bhfeidhm ar dhá chineál éagsúla **scragall alúmanaim tí** ón tSín á imchémniú trí mheán na Téalainne, áit nach raibh an táirge faoi réir ach mionoibríochtaí cóimeála.

Is léiriú iad roinnt de na cásanna a imscrúdaíodh, a bhain le trasloingsiú tar éis don táirge lena mbaineann a bheith seolta ón tSín chun dul trí mhionoibríochtaí cóimeála sa Tuirc agus i Maracó, mar shamhlacha ar na dúshláin a bhaineann le beartas Creasa agus Bóthair na Síne agus diongbháilteacht an Choimisiúin beart láidir a dhéanamh in aghaidh trádáil éagórach a eascraíonn as.

6.3. Caiteachas

Cé gur tugadh solúbthachtaí agus ionstraimí isteach chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a tharla de bharr na paindéime COVID- 19, bhí dúshláin agus rioscaí nua os comhair bhuiséad an Aontais⁸⁸. Ar an iomlán, d'éirigh leis an gCoimisiún ardleibhéal cumhdaigh iniúchta agus dearbhaithe a choinneáil ar bun. B'amhlaidh an cás freisin sna Ballstáit, a dhéanann formhór na n- iniúchtaí agus na rialuithe uile i mbainistíocht chomhroinnte.

⁸³ An Coimisiún Eorpach, 32^ú Tuarascáil bhliantúil maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus an comhrac in aghaidh na calaoise- 2020, léargas 1, lch. 13.

⁸⁴ Breithiúnas an 8 Márta 2022. EU: C:2022:167.

⁸⁵ Bunaithe ar Airteagal 13 den bhun- Rialachán Frithdhumpála, tarlaíonn imchémniú nuair a théann táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtríú tíortha i mbun cleachtas amhail an táirge a sheoladh trí thír nach bhfuil faoi réir dleachtanna (trasloingsiú), agus an táirge á mhodhnú beagán ionas nach dtagann sé faoi na dleachtanna, nó onnmhairiú trí tháirgeoir onnmhairiúcháin a bhfuil rátaí aonair níos ísle de dhleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh aige (treorú cuideachta).

⁸⁶ Cleachtas eile is ea iompar na dleachta nuair a laghdaíonn onnmhairioirí, d'ainneoin na mbeart arna bhforchur, a bpraghsanna chun na dleachtanna a shárú nó nuair nach léiríonn allmhairioirí an dleacht agus an táirge á athdhíol san Aontas.

⁸⁷ Úsáidtear fabraicí snáithíní gloine, mar shampla, chun lanna le haghaidh tuirbíní gaoithe a tháirgeadh, i dtáirgeadh bád, trucaíl agus trealaimh spóirt, chomh maith le córas athshlánúcháin piobán

⁸⁸ Féach 32^ú Tuarascáil PIF, *cit.*, Roinn 6.2, lgh. 37- 40.

D'áirithigh sé seo nach raibh maolú ar na rialuithe mar thoradh ar an tsolúbthacht a cuireadh ar fáil. Bhí na rialacha leasaithe a tugadh isteach i nósanna imeachta um rialú na mBallstát teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de. Chabhraigh sé seo le tairbhíthe agus leis na Ballstáit i gcúinsí deacra⁸⁹.

Cuireadh bearta maolaitheacha láidre i bhfeidhm freisin, nó bhí siad i bhfeidhm cheana féin, chun na rioscaí a bhaineann leis an neamhfhéidearthacht iniúchtaí agus rialuithe ar an láthair a dhéanamh a mhaolú. Áiríodh orthu sin athsholáthar iniúchtaí ar an láthair le hathbhreithnithe deisce agus cian- iniúcháireachtaí, agus an fhéidearthacht réitigh TF a chur in ionad iniúchtaí ar an láthair (grianghraif le geochlib orthu, íomhánna satailíte, cruinnithe físeáin, etc.)⁹⁰.

Ar an gcúlra sin, agus i gcomhréir leis an treocht lena bhfuil coinne, le 5 bliana anuas, tá laghdú tagtha ar líon na neamhrialtachtaí a tuairiscíodh (calaoiseacha agus neamhchhalaoiseacha) a bhaineann le caiteachas an Aontais le haghaidh chlárthréimhse 2007- 2013, agus tá méadú ag teacht orthu siúd a bhaineann le creat airgeadais 2014- 2020⁹¹, ar bhealach comhsheasmhach leis na timthrialta chur chun feidhme, ionas gurb ionann iad anois agus tromlach mór na neamhrialtachtaí tuairiscithe (thart ar 90 %). Bhí neamhrialtachtaí tuairiscithe a bhaineann le caiteachas bliantúil (cabhair dhíreach d'fheirmeoirí agus bearta tacaíochta margaidh) fós cobhsaí.

⁸⁹ An Coimisiún Eorpach, *Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar na bearta leantacha ar an urscaoileadh le haghaidh na bliana airgeadais 2020*, COM(2022) 331 final, 30.6.2022, lch. 2.

⁹⁰ *Ibidem*.

⁹¹ Baineann réimsí caiteachais a bhaineann le clárthréimhsí le forbairt tuaithe, le comhtháthú, le beartais iascaigh agus le beartais inmheánacha.

Tábla 4 - Caiteachas: Neamhrialtachtaí a bhraith agus a thuiriscigh an earráil bhuiséadach in 2021

Earnáil bhuiséadach	Neamhrialtachtaí calaoiseacha		Neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha		FDR ⁹²	IDR ⁹³
	Níl	EUR (milliún)	Níl	EUR (milliún)	%	%
Talmhaíocht	250	30.0	3 455	204.0	0.06 %	0.38 %
<i>Forbairt Tuaithe</i>	144	16.5	2 400	94.7	0.12 %	0.68 %
<i>Tacaíocht le talmhaíocht</i>	98	13.0	1 015	107.5	0.03 %	0.27 %
<i>An dá cheann/Doiléir</i>	8	0,5	40	1.8	-	-
Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa	215	1 624.0	2 271	812.9	2.57 %	1.29 %
<i>Comhtháthú agus réigiúnach</i>	155	1 605.5	1 627	588.5	3.42 %	1.25 %
<i>Beartas sóisialta</i>	50	16.7	614	217.6	0.11 %	1.39 %
<i>lascaigh</i>	10	1.8	70	6.8	0.35 %	1.32 %
Cistí eile atá faoi bhainistíocht chomhroinnte	0	0	45	4.3	0.00 %	0.22 %
Réamhaontachas	29	1.9	86	4.2	0.10 %	0.22 %
<i>Cúnamh Réamhaontachais</i>			1	0,4	-	-
<i>Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais I</i>	4	0,4	29	2.3	-	-
<i>Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais II</i>	25	1.5	56	1.5	-	-
Caiteachas díreach	54	7.0	825	35.9	0.03 %	0,16 %
IOMLÁN	548	1 662.9	6 682	1 061.3	1.0 %	0.63 %

Talmhaíocht: sonraí athrúcháin 2021 i gcomparáid leis an meán 5 bliana 2017- 2021

+1 % líon neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha

-28 % méideanna airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí calaoiseacha

+18 % méideanna airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha

6.3.1. Bainistíocht chomhroinnte

Talmhaíocht⁹⁴ - Deimhníonn anailís na tréimhse 5 bliana (2017- 2021) na príomhphatrúin a cuireadh i dtábhacht i dtuarascálacha PIF roimhe seo⁹⁵. Fiú má bhíonn méadú de réir a chéile ag teacht orthu, is lú na neamhrialtachtaí calaoiseacha i bhforbairt na tuaithe a bhaineann leis

⁹² FDR - Ráta an Bhraite Calaoise: Cóimheas méideanna airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí calaoiseacha ar na híocaíochtaí iomlána a rinneadh.

⁹³ IDR - Ráta an Bhraite Neamhrialtachta: Cóimheas méideanna airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha ar na híocaíochtaí iomlána a rinneadh.

⁹⁴ Le haghaidh anailís iomlán ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh sa talmhaíocht, féach “Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh le haghaidh 2021”, a ghabhann leis an tuarascáil seo, Roinn 3.

⁹⁵ Féach 32ú Tuarascáil PIF 2020, *cit.*, lch. 35.

an gclárthréimhse 2014- 2020 fós ná na cinn a tuairiscíodh le haghaidh na tréimhse 2007- 2013 tar éis tréimhse cur chun feidhme inchomparáide. Tá tuairisciú calaoise mar thacaíocht don talmhaíocht (lena n- áirítear cabhair dhíreach agus bearta margaidh) cobhsaí go maith fós le himeacht ama, fiú má léiríonn sé laghdú 17 % in 2021 ón mbliain roimhe sin. Tá minicíocht na calaoise tuairiscithe mar sciar de na híocaíochtaí fós an- íseal le haghaidh íocaíochtaí díreacha. Is í an mhinicíocht is airde maidir le bearta margaidh, go háirithe san **earnáil torthaí agus glasraí** agus i ndáil le **cláir náisiúnta tacaíochta in earnáil an fhíona**. Bhí na méideanna airgeadais lena mbaineann cuibheasach ard freisin don bheart margaidh a bhain go sonrach le **táirgí talmhaíochta a chur chun cinn**.

Maidir le forbairt tuaithe agus íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí, déanann **anailís riosca agus faisnéis spontáineach ón tsochaí shibhialta**, lena n- áirítear ó na meáin, **rannchuidiú imeallach** le neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha a bhrath. I ndáil le bearta margaidh, tá ról níos láidre ag anailís riosca maidir le brath, mar gheall ar ghrinnscrúdú rioscabhunaithe ar dhoiciméid tráchtála na n- eintiteas sin a fhaigheann íocaíochtaí.

Léargas 14 - An comhrac in aghaidh na calaoise i dtáirgeadh orgánach

Ar bhonn an Phlean Gníomhaíochta maidir le Táirgeadh Orgánach a Fhorbairt⁹⁶, neartaigh an Coimisiún an comhrac in aghaidh na calaoise sa táirgeadh orgánach tuilleadh. Maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, rinne sé cros- seiceáil faisnéise sa Chóras Faisnéise na Feirmeoireachta Orgánaí (OFIS) a chórasú maidir le neamhchomhlíontachtaí féideartha i dtáirgeadh orgánach leis an bhfaisnéis atá aige maidir le tacaíocht airgeadais an Aontais a sholáthar do tháirgeadh orgánach. Sa chomhthéacs seo thug OLAF rochtain dhíreach ar shonraí do OFIS.

Rinneadh plé taiscéalaíoch le OIPE maidir le rochtain a thabhairt dó ar shonraí ó OFIS, cé gur deonaíodh é cheana féin do TRACES⁹⁷.

Thart ar 10 mbliana i ndiaidh an tuairiscithe tosaigh, tá **cion na gcásanna calaoise amhrasta nár lean ciontú orthu fós an- ard**, agus tá sciar na gcásanna ina suitear calaois íseal. D'fhéadfaí gur comhartha é seo go bhfuil gá le níos mó infheistíochta a dhéanamh chun é a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Léargas 15 - Talmhaíocht: neamhrialtachtaí is minice brath

Le linn na tréimhse 2017- 2021, maidir le **híocaíochtaí cúnaimh díreacha le feirmeoirí, ba iad falsú cruthúnais dhoiciméadaigh nó iarratas ar chabhair** na neamhrialtachtaí calaoiseacha ba mhinice a braithheadh. Is féidir raon leathan doiciméad agus faisnéise a fhalsú, amhail comhaontuithe maidir le léas nó doiciméid maoinne, agus doiciméid a bhaineann le comhlíontacht na gceanglas tras- chomhlíonta.

I ndáil le **bearta margaidh**, bhain calaois go príomha le **cur chun feidhme na gníomhaíochta**, go minic in éineacht le sáruithe eile. Taiheadadh méideanna suntasacha airgeadais i roinnt cásanna a ndearna OLAF imscrúdú orthu inar comhcheanglaíodh **coinbhleachtaí leasa** le neamhrialtachtaí eile, i ndáil leis an **mbeart margaidh "Cur chun Cinn"**. Is riosca féideartha é **coinníollacha saorga a chruthú** chun críche tacaíocht airgeadais a fháil.

⁹⁶ COM(2021) 141.

⁹⁷ Is é TRACES ardán ar líne an Choimisiúin Eorpaigh do dheimhniú sláintíochta agus fiteashláintíochta a éilítear chun ainmhithe, táirgí ainmhithe, bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad agus plandaí a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach, agus sa trádáil laistigh den Aontas agus onnmhairí ainmhithe agus táirgí ainmhithe áirithe ón Aontas.

I gcás na **forbartha tuaithe**, bhain calaoiseoirí go príomha úsáid as an gcleachtas **doiciméid a fhalsú**. Is féidir go mbeadh sonraise a fhalsú, trealamh athlámh a dhearbhu mar threalamh nua, ladar a chur isteach ar thairiscintí i nósanna imeachta soláthair, nó faisnéis bhréagach a sholáthar maidir le comhlíontacht na gcoinníollacha chun cúnaimh a fháil, i gceist leis sin. Bhain líon suntasach neamhrialtachtaí calaoiseacha le **mainneachtain an gníomh a chur chun feidhme go hiomlán**. Is riosca féideartha é **coinníollacha saorga a chruthú** freisin maidir le cistiú Forbartha Tuaithe. Mar shampla, féadfaidh tairbhíthe gabhálaí talmhaíochta a scoilt go saorga agus cabhair a iarraidh trí roinnt cuideachtaí nasctha chun uasteorainneacha ar thacaíocht a sheachaint.

**An beartas comhtháthaithe: sonraí athrúcháin
2021 i gcomparáid leis an meán 5 bliana
2017- 2021**

-11 % líon neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha

+186 % méideanna airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí calaoiseacha

+14 % méideanna airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha

Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESIF)⁹⁸ - Idir 2017 agus 2021, tháinig laghdú ar líon na neamhrialtachtaí calaoiseacha agus neamhchalaoiseacha a bhaineann leis an **gclárthréimhse 2007- 2013** don ESIF. Mhéadaigh líon na neamhrialtachtaí a tuairiscíodh le haghaidh **chlárthréimhse 2014- 2020**. Tá na dinimicí sin i gcomhréir le treochtaí agus patrúin aitheanta maidir le neamhrialtachtaí a bhrath agus a thuairisciú agus tá siad nasctha le timthriall chur chun feidhme na gclár

ilbhliantúil.

Bhí líon na neamhrialtachtaí a tuairiscíodh mar neamhrialtachtaí calaoiseacha le haghaidh chlárthréimhse 2014- 2020 i gcomhréir leo siúd a braitheadh le haghaidh chlárthréimhse 2007- 2013 tar éis an líon céanna blianta ó thús na tréimhse; ag thart ar 1 %, bhí FDR níos airde ná don tréimhse 2007- 2013⁹⁹. Ní hamhlaidh an cás le haghaidh neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha. I gcás neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha, **tá an titim ar an líon agus ar na méideanna airgeadais a thuairiscítear tar éis 8 mbliana** ó thús na clárthréimhse thar a bheith suntasach (féach **Léargas 17** le haghaidh anailís ar na cúiseanna leis an laghdú).

Léargas 16 - Na cúiseanna leis an meath ar neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha i gcomhtháthú

Faoi threoir ghinearálta do na beartais chomhtháthaithe agus iascaigh, rinne **OLAF anailís shonrach**, bunaithe ar na neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha a thuairiscigh na Ballstáit, go dtí 2020, agus an bhliain sin san áireamh. Aithnítear san anailís seo roinnt mínte féideartha a d'fhéadfadh an laghdú mór seo a mhíniú go mór.

D'fhéadfadh go míneofaí cuid den bhearna reatha mar gheall ar mhoilleanna ar chur chun feidhme na gclár oibriúcháin ábhartha. Féadfar cuid eile den laghdú ar neamhrialtachtaí

⁹⁸ Le haghaidh anailís iomlán ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh i ndáil le Cistí SIE, féach “Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh le haghaidh 2021”, a ghabhann leis an tuarascáil seo, Roinn 4.

⁹⁹ Maidir le clárthréimhse 2014- 2020, tá tionchar mór ag an líon suntasach neamhrialtachtaí aonair a raibh méideanna móra airgeadais i gceist leo, a bhraith an Rómáin agus an tSlóvaic, ar FDR. Bhí tionchar suntasach ag na neamhrialtachtaí sin ar FDR an AE- 27 freisin. Tá an chomparáid idir an dá chlárthréimhse tábhachtach mar go bhfágann sé gur féidir a thuiscint go bhfuil an méadú 186 % in 2021 i gcomparáid leis an meán 5 bliana nasctha le cásanna eisceachtúla.

neamhchhalaoiseacha a mhíniú trí **athrú féideartha ar chleachtas tuairiscithe** roinnt údarás maidir le neamhrialtachtaí lena mbaineann níos lú ná EUR 10 000.

Don chlárthréimhse 2014- 2020, cuireadh síneadh leis an **bhféidearthacht roghanna costas simplithe (RCS)** a úsáid. Le haghaidh Chiste Sóisialta na hEorpa d'fhéadfadh gur toisc shuntasach é an méadú ar chéatadán caiteachais a chumhdaítear le RCS (ó 7 % go 33 %) a rannchuidíonn leis an laghdú ar neamhrialtachtaí neamhchhalaoiseacha.

D'fhéadfadh gurb é cuid eile den chúis ná **oiriúnú moillithe don athrú ar mhaolú** ó neamhrialtachtaí neamhchhalaoiseacha a thuairisciú, a tharla in 2009 agus a rinne difear do thuairisciú sa tréimhse 2007- 2013.

D'fhéadfadh gur rannchuidigh **tabhairt isteach cuntas bliantúil agus eisiámh measúnuithe leanúnacha** le laghdú den sórt sin freisin. Ón gclárthréimhse 2014- 2020 amach, féadfaidh na Ballstáit caiteachas as a ndéantar measúnú leanúnach ar dhlíthiúlacht agus ar rialtacht a eisiámh ó na cuntais bhliantúla. Tríd an eisiámh seo, seachnaíonn na Ballstáit laghdú ar an ranníocaíocht ó chiste ar leith, fiú má bhíonn neamhrialtachtaí ann. Tá na Ballstáit ag úsáid na féidearthachta sin.

Faoi dhálaí áirithe, tar éis 7 mbliana de chur chun feidhme (deireadh 2020), is ionann éifeacht chomhcheangailte na gcúiseanna sin agus thart ar dhá thrian den laghdú ar fud an Aontais ar neamhrialtachtaí neamhchhalaoiseacha a thuairisciú.

Rud eile le breithniú is ea an éifeacht a bheidh ag inniúlacht riaracháin mhéadaithe. Níl aon táscaire ann chun an méadú ar chumas na gcomhlachtaí cur chun feidhme agus na dtairbhíthe a thomhas, nó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin i dtéarmaí an laghdaithe ar neamhrialtachtaí neamhbheartaithe. Thabharfadh roinnt tosca rannchuiditheacha forbairtí dearfacha den sórt sin le fios, áfach, amhail: a) **bearta frith-chalaoise éifeachtacha agus comhréireacha** arna nglacadh ar leibhéal an chláir oibríochtúil, óna dtiocfadh neamhrialtachtaí a bhrath agus a chosc níos luaithe (calaoiseacha agus neamhchhalaoiseacha); b) **cáilíocht agus taithí fheabhsaithe na n-údarás ábhartha** (go háirithe i mBallstáit áirithe), **lena n-áirítear tairbhíthe**; agus c) **rannpháirtíocht níos mó ag an tsochaí shibhialta trí na comhaontuithe ionracais** (féach Léargas 18).

Ar an taobh eile, **d'fhéadfadh ráig COVID- 19 brú breise a chur ar inniúlacht riaracháin na ndaoine sin a bhfuil baint acu le córais bainistithe agus rialaithe.** D'fhéadfadh sé sin rannchuidiú le tuilleadh neamhrialtachtaí a bhrath sna blianta amach romhainn.

Is cosúil go bhfuil **rioscaí** neamhrialtachtaí níos airde i réimsí an bheartais comhtháthaithe a bhaineann le **hiompar, cosaint an chomhshaoil**, taighde, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht (**RTD&I**), **cuimsiú sóisialta** agus cur chun cinn **na fostaíochta** agus **soghluasteacht an lucht saothair**.

Tarraingíonn anailís aird ar rioscaí a bhaineann leis an **aistriú glas**, lena n-áirítear infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh, soláthar uisce óil, bainistíocht dramhaíola, fuinneamh in-athnuaite (gréine) agus cosc rioscaí. Is cosúil go bhfuil rioscaí **aistrithe dhigitigh** níos suntasaí i seirbhísí agus in iarratais ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), i dtéarmaí líon na neamhrialtachtaí, agus i seirbhísí agus in iarratais ar r-rialtas, i dtéarmaí na méideanna airgeadais lena mbaineann. Tuairiscíodh neamhrialtachtaí freisin maidir le hinfheistíochtaí i mbonneagar maidir leis an aistriú digiteach.

Maidir le **RTD&I**, tugtar le fios san anailís go bhfuil rioscaí níos airde ann d'infheistíochtaí chun cúnaimh a sholáthar do na gníomhaíochtaí sin i gcuideachtaí. Rinneadh dochar do bhearta chun taighde, nuálaíocht agus fiontraíocht a spreagadh in FBManna go háirithe.

Bíonn rioscaí arda ann i ndáil le hinfheistíochtaí i **mbonneagar iompair**, mar gheall ar mhiniúocht neamhrialtachtaí i dtionscadail chineálacha bóthair, a dhéanann difear do leibhél réigiúnacha agus áitiúla, agus mar gheall ar na méideanna arda airgeadais a bhaineann le

neamhrialtachtaí a bhaineann le hiarnróid agus le bóithre an ghréasáin thras- Eorpaigh (GTE). Is cosúil go bhfuil infheistíochtaí i mbonneagar ilmhódach GTE agus i ngréasáin leictreachais rioscúil freisin.

Is cosúil go bhfuil rioscaí i ndáil le **cuimsiú sóisialta**, bochtaineacht agus idirdhealú níos airde d'infheistíochtaí a bhaineann le (i) cuimsiú gníomhach; (ii) bonneagar sláinte; (iii) rochtain fheabhsaithe ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta; (iv) bonneagar sóisialta agus athghiniúint ceantar tuaithe agus uirbeach; (v) infheistíochtaí i bhfabhar pobail imeallaithe agus (vi) bonneagair cúraim leanaí.

Maidir le **fostaíocht** agus soghluaisteacht an lucht saothair a chur chun cinn, is cosúil go bhfuil rioscaí níos airde ann d'infheistíochtaí in (i) oiriúnú d'athrú oibríthe agus frontar, go háirithe oibríochtaí chun bealaí oibre atá nuálach agus níos táirgiúla a dhearadh agus a scaipeadh; (ii) rochtain ar fhostaíocht, go háirithe oibríochtaí do chuardaitheoirí poist agus do dhaoine neamhghníomhacha, lena n-áirítear daoine atá difhostaithe go fadtéarmach agus daoine i bhfad ó mhargadh an tsaothair; agus (iii) tacaíocht d'fhéinfhostaíocht agus chun gnó a chur ar bun.

Léargas 17 - CSIE: cineálacha neamhrialtachtaí a braitheadh

Ba iad na neamhrialtachtaí calaoiseacha ba mhinice ná úsáid **doiciméad bréagach nó falsaithe**. Bhí méideanna arda airgeadais i gceist a raibh sárúithe calaoiseacha ar fhorálacha/rialacha conartha ann. Ba mhinic a bhí an cineál calaoise sin comhdhéanta de **chur chun feidhme neamhiomlán na gníomhaíochta cistithe nó mainneachtain í a chur chun feidhme**. Bhain an chuid is mó de na neamhrialtachtaí calaoiseacha maidir le heitic agus ionracas le **coinbhleachtaí leasa**. Ba iad na sárúithe ar rialacha **soláthair phoiblí** na neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha ba mhó a tuairiscíodh, ach níor braitheadh calaois ach in 4 % de na cásanna seo.

Rannchuidíonn **anailís riosca** go himeallach fós maidir le calaois a bhrath, agus tá ról suntasach agus atá ag fás ag **faisnéis ón tsochaí shibhialta** (lena n-áirítear faisnéis a foilsíodh sna meáin). Ní hamhlaidh an cás do neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha. D'fhéadfaí feabhas a chur ar bhrath calaoise agus neamhrialtachtaí trí thionscadail anailíse riosca téamacha *ex-post* a dhíríonn ar ghrúpaí idirbheart roimhe sin.

Léargas 18 - Comhaontuithe Ionracais agus comhar le sochaí shibhialta

Cuirtear Comhaontuithe Ionracais, uirlis faireacháin le tacaíocht ón tsochaí shibhialta atá dírithe ar thrédhearacht, ar chuntasacht agus ar dhea-rialachas sa chonraitheoireacht phoiblí a mhéadú, chun cinn i gclár 2021- 2027 faoi dhearadh agus faoi mheasúnú. Agus na 18 dtreoirthionscadal tugtha i gcrích (in 11 Bhallstát ó 2016 go 2021), spreagann an Coimisiún na Ballstáit leanúint de na Comhaontuithe Ionracais a chur chun feidhme i dtionscadail spriocdhíríthe arna maoiniú ag cistí an Aontais trí Chomhaontuithe Ionracais a phríomhshruthú de réir a chéile ina gclár, agus soláthraíonn sé tacaíocht do na Ballstáit i ndáil leis sin, i.e. leis an mbosca uirlisí a foilsíodh le déanaí¹⁰⁰.

Thart ar 10 mbliana i ndiaidh an tuairiscithe tosaigh, tá líon na gcásanna calaoise amhrasta nár lean ciontú astu fós an-ard, agus tá cion na gcásanna ina suitear calaois íseal. D'fhéadfaí gur comhartha é sin go bhfuil gá le níos mó infheistíochta a dhéanamh chun é a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

¹⁰⁰ https://ec.europa.eu/regional_policy/en/policy/how/improving-investment/integrity-pacts/

Cistí atá faoi bhainistíocht chomhroinnte eile¹⁰¹ - Maidir le cistí atá faoi bhainistíocht chomhroinnte do bheartais inmheánacha eile, ba é an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) an ciste is mó a ndearna calaois difear air. Bhain níos mó ná 90 % de bhrath na neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha leis na cistí a leanas: An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánfháirtíocht (AMIF), FEAD agus TFAO (Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg).

6.3.2. Bainistíocht indíreach

Réamhaontachas¹⁰² - Tá neamhrialtachtaí a tuairiscíodh sa réimse seo in 2021 ag dul i laghad i gcomparáid leis an meán 5 bliana (-23 % ar líon agus -48 % i dtéarmaí méideanna airgeadais neamhrialta). Le linn na tréimhse céanna, bhain an líon is airde de neamhrialtachtaí braite le cúnamh réamhaontachais forbartha tuaithe (IPARD) agus comhar trasteorann.

6.3.3. Bainistíocht dhíreach

Tá laghdú tagtha ar neamhrialtachtaí calaoiseacha braite a bhaineann le caiteachas díreach an Choimisiúin ó 2016 i leith, agus d'fhan siad cobhsaí le 4 bliana anuas, d'ainneoin méadú imeallach in 2021. Lean neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha de bheith ag laghdú agus ba í 2021 an bhliain leis an bhfigiúr ab ísle maidir le líon na gcásanna agus na méideanna lena mbaineann¹⁰³.

Léargas 19 - Caiteachas díreach: neamhrialtachtaí a braitheadh den chuid is mó agus réimsí beartais lena mbaineann

Baineann na cineálacha neamhrialtachtaí is minice le hincháilitheacht caiteachais agus le tearcfheidhmíocht/neamhfheidhmíocht.

In 2021, ba iad taighde agus nuálaíocht na réimsí beartais is mó a ndearna neamhrialtachtaí difear orthu; an margadh aonair; slándáil, cosaint agus bainistiú teorainneacha; Infheistíochtaí straitéiseacha Eorpacha; agus gníomhaíochtaí seachtracha.

7. IONCHAS 2022, CONCLUÍDÍ AGUS MOLTAÍ

Thug paidéim COVID- 19 dúshlán nua a d'fhreagair an tAontas go pras, ar bhealach solúbtha agus ionstraimí agus acmhainní nua á n- imscaradh. Níl dúshlán agus iarmhairtí na géarchéime sin thart go fóill, ach le hionradh na Rúise ar an Úcráin, tarraingíodh dinimicí suntasacha nua aníos le himpleachtaí tromchúiseacha ar an Aontas agus a gheilleagar agus a shochaí.

An 18 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún pacáiste i láthair chun déileáil leis na hábhair atá tagtha chun cinn ó ionradh na Úcráine, idir slándáil an tsoláthair fuinnimh agus bearna

¹⁰¹ Le haghaidh anailíse ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh i ndáil leis na cistí seo, féach “Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh le haghaidh 2021”, a ghabhann leis an tuarascáil seo, Roinn 4.6.

¹⁰² Le haghaidh anailíse ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh maidir le réamhaontachas, féach “Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh le haghaidh 2021”, a ghabhann leis an tuarascáil seo, Roinn 5.

¹⁰³ Le haghaidh anailíse ar neamhrialtachtaí a braitheadh i mbainistíocht dhíreach, féach “Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh le haghaidh 2021”, a ghabhann leis an tuarascáil seo, Roinn 6.

infheistíochta cosanta an Aontais agus atógáil fhadtéarmach na hÚcráine. Bíonn iarmhairtí ag na hábhair seo uile maidir le buiséad an Aontais.

Tá buiséad an Aontais faoi bhrú cheana féin, mar go bhfuil bearta nua á gcur i bhfeidhm chun déileáil le hiarmhairtí na dteagmhais le déanaí (e.g. **REPowerEU**), tá tosaíochtaí ag athrú (imirce) agus ní mór an pacáiste smachtbhannaí is leithne a comhaontaíodh riamh in aghaidh tíre (go ginearálta, ach i ndáil le daoine aonair spriocdhírthe freisin) a fhorfheidhmiú, le héifeachtaí ar ioncam an Aontais (allmhairiú agus onnmhairiú earraí) agus ar chaiteachas (eisiaimh ó nósanna imeachta soláthair phoiblí agus deontais).

Le tabhairt isteach RRF agus le cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta cheana féin, méadaíodh **ról na n-údarás náisiúnta** maidir le leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú do leasanna airgeadais an Aontais **go suntasach**. Beidh an brú ar riaracháin náisiúnta fós ard le linn 2022 agus ina dhiaidh sin, mar beidh orthu freisin caiteachas timhrialla clársceidealaithe 2021- 2027 a chur chun feidhme agus saineolas agus rialú ar mhodhanna bainistíochta éagsúla a bhaineann le cur chun feidhme na gcistí éagsúla a thaispeáint.

7.1. Réimse frithchalaíse an Aontais Eorpaigh

¹⁰⁴ Léiríonn torthaí OLAF agus OIPE in 2021 **an luach breise a fhéadfaidh gné an Aontais Eorpaigh a thabhairt chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint** agus don chomhrac in aghaidh na calaíse, ag sárú bunteorainneacha na gcóras náisiúnta chun déileáil leis an gcoireacht trasteorann go háirithe.

Níos tábhachtaí fós, léiríonn siad freisin an gá atá le leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo **réimse frithchalaíse** an Aontais atá ag éirí níos comhchuibhithe, rud a éilíonn, go háirithe, go mbeadh an reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais agus lena phrionsabail.

Tá Rialachán 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (**rialachán coinníollachta**) curtha i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021 agus tá sé in- fhorfheidhmithe ón dáta sin. Cumhdaítear leis gach sárú ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát lena ndéantar difear do bhainistíocht fhóna airgeadais ar bhuiséad an Aontais, nó sárúithe lena mbaineann baol tromchúiseach go ndéanfaidh siad difear don bhainistíocht sin agus do leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach díreach leormhaith tar éis an dáta sin.

Leis an Rialachán maidir le Coinníollacht féadfaidh an tAontas Eorpach bearta a dhéanamh – íocaíochtaí a chur ar fionraí nó ceartuithe airgeadais a dhéanamh – chun an buiséad a chosaint, agus a áirithiú ag an am céanna go leanfaidh tairbhíthe deiridh chistí an Aontais ag fáil a gcuid íocaíochtaí go díreach ó na Ballstát lena mbaineann. Tá iompar na n- údarás poiblí i ndáil le calaíse ar cheann de na cásanna, má bhaineann sárúithe ar phrionsabail an smachta reachta leo, a d'fhéadfadh a bheith ábhartha faoin nós imeachta a leagtar síos sa rialachán coinníollachta.

An 16 Feabhra 2022, dhiúltaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh do na caingne arna dtionscnamh ag dhá Bhallstát (C-156/21¹⁰⁵ agus C-157/21¹⁰⁶) á rialú go dtéann an rialachán laistigh den chumhacht a thugtar leis na Conarthaí chun rialacha airgeadais maidir le cur chun feidhme buiséad an Aontais a bhunú. An 2 Márta 2022, d'eisigh an Coimisiún treoirlínte chun an rialachán a chur i bhfeidhm, ag cur bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais san áireamh.

¹⁰⁴ Féach léargas 3 agus 4.

¹⁰⁵ Breithiúnas an 16 Feabhra 2022. AE:C: 2022:97.

¹⁰⁶ Breithiúnas an 16 Feabhra 2022. AE:C:2022:98.

Moladh 1 - Trasú ceart na Treorach CLA

Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil nósanna imeachta sáraithe seolta ag an gCoimisiún ina n-aghaidh gníomhaíocht feabhais a dhéanamh go pras agus an reachtaíocht náisiúnta a mhodhnú chun Treoir CLA a thrasú i gceart.

Cuidíonn réimse frithchalaíoch an Aontais atá comhleánach agus atá ag éirí níos comhchuíbhithe freisin le deireadh a chur le bealaí éalaithe féideartha san ollstruchtúr rialaithe foriomlán ar féidir le calaíochairí í a bhradaíl.

Moladh 2 - Rannpháirtíocht in OIPE

Athdhearbhaíonn an Coimisiún a ghlaó ar Bhallstáit nár tháinig isteach in OIPE fós amhlaidh a dhéanamh. Ba cheart do na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE a áirithiú go mbeidh OIPE in ann na cumhachtaí uile a thugtar dó lena Rialachán bunaidh a fheidhmiú.

7.2. Trédhearcacht, bainistíocht riosca calaíoch agus digitiú an chomhairic in aghaidh calaíoch

Maidir le CAI agus NextGenerationEU 2021- 2027, tá tograí curtha chun cinn ag an gCoimisiún chun **feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí agus ar idir-inoibritheacht na gcóras TF** maidir le faighteoirí chistiú an Aontais, i gcás ina gcuirtear an buiséad chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte agus faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

I gceann de na tograí ón gCoimisiún a choinnigh na comhreachtóirí do RRF agus don Bheartas comhtháthaithe ceanglaítear ar na Ballstáit **sonraí a thaifeadadh agus a stóráil ar fhaighteoirí chistiú an Aontais agus ar a n-úinéirí tairbhíúla**. Maidir le CBT, baileoidh na Ballstáit sonraí ar ghrúpaí a bhfuil na tairbhíthe rannpháirteach iontu, i gcás inarb infheidhme.

Leis an leasú spriocdhírithé ar an Rialachán Airgeadais¹⁰⁷, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún tuilleadh feabhais a chur ar an mbealach a chuirtear faisnéis ar fáil don phobal maidir le húsáid bhuiséad an Aontais agus maidir le faighteoirí chistiú an Aontais. Mhol sé go gceanglófaí ar na Ballstáit agus ar chomhlachtaí eile a chuireann buiséad an Aontais chun feidhme faoi gach modh bainistíochta faisnéis a sholáthar don Choimisiún maidir lena bhfaighteoirí de chistiú an Aontais uair amháin sa bhliain, lena n-áirítear aitheantóirí uathúla más daoine dlítheanacha iad na faighteoirí. Ba cheart cearta na dtairbhíthe chun a saol príobháideach agus a sonraí pearsanta a urramú a chosaint¹⁰⁸. Chuirfeadh an Coimisiún na sonraí atá aige maidir le bainistíocht dhíreach leis an bhfaisnéis sin agus bheadh sé freagrach as an bhfaisnéis a chomhdhlúthú, a lárú agus a fhoilsiú i mbunachar sonraí ar shuíomh gréasáin aonair, ag cumhdach na modhanna bainistíochta go léir. Bheadh an suíomh gréasáin mar thoradh air sin ina leagan feabhsaithe den **Chóras Trédhearcachta Airgeadais** atá in úsáid faoi láthair le haghaidh bainistíocht dhíreach.

Soláthraíonn an leasú spriocdhírithé ar an Rialachán Airgeadais deis eile chun cosaint bhuiséad an Aontais ar neamhrialtachtaí, ar chalaíoch, ar éilliú agus ar choinbhleachtaí leasa a fheabhsú tuilleadh.

Ar an gcéad dul síos, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **córas TF comhtháite aonair** a úsáid le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca a dhéanamh **éigeantach**. Tá úsáid an chórais atá ann cheana féin, Arachne, ina húsáid dheonach agus, cé go n-úsáidtear é den chuid is mó cheana féin sa bheartas comhtháthaithe agus go bhfuiltear á thabhairt isteach le haghaidh chaiteachas talmhaíochta, ba chéim mhór chun cinn é a dhéanamh éigeantach.

¹⁰⁷ COM(2022) 184 final, 22.4.2022.

¹⁰⁸ I gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 (RGCS) agus (AE) 2018/1725.

Ar an dara dul síos, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin **raon feidhme agus éifeachtúlacht an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES)** a leathnú. Tá tacar beart in aghaidh oibreoirí eacnamaíocha neamhiontaofa sa chóras. Go háirithe, cuireann sé ar chumas d'oibreoirí eacnamaíocha calaoiseacha nó oibreoirí eacnamaíocha neamhiontaofa a bhrath go luath agus eisiaimh féideartha na n- oibreoirí ó chistiú an Aontais. I measc na gcleachtais toirmisceithe tá raon leathan iompraíochtaí a dhéanann difear d'ionracas gairmiúil (amhail calaois, éilliú agus mí- iompar gairmiúil tromchúiseach) agus teipeanna i bhfeidhmíocht chonarthaigh (mar shampla easnaimh shuntasacha maidir le conarthaí atá maoinithe ag an Aontas a chur chun feidhme)¹⁰⁹. I ndáil leis sin, mhol an Coimisiún freisin síneadh a chur leis an gcóras chuig tairbhíthe faoi bhainistíocht chomhroinnte le cur chuige comhréireach agus spriocdhíríthe. Is é an cuspóir a áirithiú go ndéanfaidh údarais na mBallstát cinntí maidir le heisiaimh a dhéantar ar leibhéal an Aontais a fhorfheidhmiú i mbainistíocht chomhroinnte. Molann an Coimisiún freisin cead a thabhairt d'eintitis chleamhnaithe agus/nó d'úinéirí tairbhiúla eintitis phríomha eisiata a eisiaimh ó thairiscintí ar chonarthaí poiblí agus ar deireadh ó chistí AE a fháil.

Ar an tríú dul síos, leis na leasuithe atá beartaithe don Rialachán Airgeadais, má fhorghníonn an comhreachtóir é, **méadófar éifeachtúlacht agus cáilíocht na rialuithe agus na n- iniúchtaí le cabhair ón digitiú agus ó na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn** amhail meaisínfhoghlaim, uathoibriú próiseas róbatach agus intleacht shaorga. Tugtar níos mó infheictheachta do na gnéithe sin sa Rialachán Airgeadais maidir le húsáid níos leithne agus níos comhsheasmhaí iniúchtaí agus rialuithe digiteacha, agus costas rialuithe agus iniúchtaí a laghdú. Beidh digitiú an chomhraic in aghaidh na calaoise ina ábhar freisin don athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta a ghabhann le Straitéis Frith- Chalaoise an Choimisiúin, a bhfuil coinne leis in 2023.

Moladh 3 - An comhrac in aghaidh na calaoise a dhigitiú

A fhad a bhíonn an t- athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais fós ar siúl, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit lánúsáid a bhaint as na huirlisí atá ar fáil dóibh (Arachne, EDES, IMS) agus spreagann sé forbairt réiteach idir- inoibritheacha le córais náisiúnta chun a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Tá cur chuige tráthúil agus réamhghníomhach maidir le measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí riachtanach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach. Áirítear leis seo foinse uile faisnéise atá ar fáil a úsáid, faisnéis a mhalartú i measc na seirbhísí atá i gceist agus aiseolas pras a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a dhéantar. Is gá measúnú buan den sórt sin, malartú faisnéise agus faireachán ar rioscaí, treochtaí calaoise agus aiseolas chun na bearta atá le déanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint níos fearr a mhionchoigeartú.

Moladh 4 - Anailís riosca calaoise a neartú

Ba cheart do Bhallstáit cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ciollaíonn sé sin sonraí a úsáid ó gach foinse atá ar fáil, anailís a dhéanamh ar na sonraí agus faisnéis a mhalartú, lena n- áirítear le húdarais forghníomhaithe dlí agus leis an gCoimisiún chun rioscaí agus treochtaí calaoise a thagann chun cinn a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go tráthúil.

Ba cheart do na Ballstáit gníomhú freisin ar an bhfaisnéis a chuireann an Coimisiún ar fáil san anailís straitéiseach seo agus in anailís straitéiseach eile agus i dtuarascálacha spriocdhíríthe agus

¹⁰⁹ Chun forbhreathnú mionsonraithe a fháil ar na cinntí a rinne an Painéal in 2021, féach “An Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) — Painéal dá dtagraítear in Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais” a ghabhann leis an tuarascáil seo.

aiseolas pras a sholáthar ar na gníomhaíochtaí a dhéanann siad chun cuidiú le faireachán a dhéanamh ar rioscaí calaoise agus ar threochtaí calaoise.